2025/1723

7.8.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1723 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Lúnasa 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí cineálacha ullmhaithe nó leasaithe áirithe gráin mhilis ina ghráinní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 9 Nollaig 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí gráin mhilis de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Association Européenne des Transformateurs de Maïs Doux (AETMD) ('an gearánach') isteach an 25 Deireadh Fómhair 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal an Aontais a dhéanann cineálacha ullmhaithe nó leasaithe gráin mhilis ina ghráinní, de réir na brí in Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/309 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ([3]).

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, údaráis na Síne agus na hallmhaireoirí agus trádálaithe aitheanta ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith páirteach ann.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí cineálacha ullmhaithe nó leasaithe áirithe gráin mhilis ina ghráinní, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, 9.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7407/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/309 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena gcuirtear allmhairí cineálacha ullmhaithe nó leasaithe áirithe gráin mhilis ina ghráinní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe, (IO L, 2025/309, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/309/oj).

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála. Tar éis an tionscnaimh, reáchtáladh éisteacht leis an gCónaidhm Eorpach um Thrádáil i dTorthaí Triomaithe, Cnónna Inite, torthaí agus glasraí próiseáilte agus táirgí iascaigh próiseáilte ('FRUCOM') agus a cumainn comhaltaí náisiúnta Waren-Verein der Hamburger Börse e.V. ('Waren-Verein') agus Nederlandse Vereniging voor de Handel in Gedroogde Zuidvruchten, Specerijen en Aanverwante Artikelen ('NZV'), chomh maith le hionadaithe roinnt comhaltaí is allmhaireoirí.

1.4. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(6) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir le tionscnamh ó Chomhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Earraí Bia, Táirgí Dúchasacha agus Fotháirgí Ainmhithe ('CFNA') agus ó Waren-Verein.

(7) Cháin CFNA nár tugadh tréimhse imscrúdúcháin an ghearáin cothrom le dáta gar don dáta tíolactha. D'áitigh an comhlachas go bhféadfadh sé léargas díobhála difriúil a thabhairt i gcomparáid le tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe, mar gheall ar athruithe móra ar mhargadh an Aontais ón dara ráithe de 2024 agus go dtí deireadh 2024. Mheas CFNA freisin gurb iad an Téalainn agus Daon-Phoblacht na Síne na táirgeoirí agus na honnmhaireoirí móra gráin mhilis agus go bhféadfadh allmhairí ón tSín scaireanna margaidh na Téalainne a ghlacadh ar láimh, dá gcuirfí srian ar allmhairí ón Téalainn le bearta frithdhumpála. Ina theannta sin, d'áitigh CFNA go bhféadfadh forbairtí gan choinne a bheith ina gcúis leis an méadú ar allmhairí ón tSín in 2022, amhail (1) tubaistí nádúrtha agus tuilte sa Téalainn a laghdaigh aschur arbhair agus soláthar leordhóthanach; (2) drochbhuaint san Eoraip mar gheall ar dhálaí aeráide tirime, go háirithe sa Fhrainc; agus (3) an cogadh san Úcráin a d'fhéadfadh costais fuinnimh táirgeoirí gráin mhilis a mhéadú agus soláthar gráin mhilis a laghdú. Mheas CFNA freisin gur athraíodh patrún na ndíolachán onnmhairiúcháin ón tSín in 2022 mar gheall ar ordú mór ó Lidl. Mheas sé go bhféadfadh tionchar a bheith ag an drochbhuaint san Eoraip ar an soláthar gráin mhilis san Eoraip agus go bhféadfadh sé go raibh ceannaitheoirí amhail Lidl tar éis stoc-charnadh a dhéanamh chun ganntanas soláthair a sheachaint.

(8) Meabhraíonn an Coimisiún do CFNA gur sainíodh an tréimhse imscrúdúcháin i gcomhréir le hAirteagal 6 den bhun-Rialachán, lena gcumhdaítear tréimhse nach lú ná 6 mhí díreach roimh thionscnamh na n-imeachtaí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(9) Maidir leis an maíomh gur forchuireadh bearta frithdhumpála ar allmhairí ón Téalainn mar gheall ar an sciar méadaithe den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín, meabhraíonn an Coimisiún do CFNA go bhfuil na bearta sin i bhfeidhm ó 2009 i leith. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(10) Níor chuir CFNA aon fhianaise thacaíochta ar fáil a bhain leis an maíomh go raibh an t-athrú ar onnmhairí mar thoradh ar ordú mór an mhiondíoltóra Lidl, agus ar sin amháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(11) D'áitigh CFNA freisin nár léirigh an gearán díobháil ábhartha thionscal an Aontais agus luaigh sé nár fhág na hallmhairí méadaithe ón tSín aon tionchar diúltach ar fhorbairt an ghearánaigh i dtéarmaí táirgeachta, acmhainneachta, úsáide acmhainneachta, stoc, praghsanna díola.

(12) De réir mheasúnú an Choimisiúin ar an bhfaisnéis a soláthraíodh sa ghearán, bhí dóthain fianaise ann a léirigh díobháil ábhartha a thug údar le tionscnamh an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(13) Mhaígh CFNA freisin nach iad allmhairí ón tSín an t-aon chúis amháin leis an díobháil don ghearánach agus thagair sé do na tosca a dtugtar tuairisc orthu in aithris (6). Mheabhraigh sé an t-imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí próitéine soighe de thionscnamh na Síne ([4]), inar shuigh an Coimisiún gur léirigh comhtharlú an mhéadaithe ar phraghsanna le drochfheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais luaineacht mhargadh na n-amhábhar agus go raibh sé ina chúis mhór díobhála do thionscal an Aontais, rud a bhris an nasc cúisíoch idir allmhairí ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Mhaígh CFNA go raibh staid chomhchosúil ann don imscrúdú seo.

(14) Dar leis an gCoimisiún, ní bhréagnaíonn aon cheann de na mínithe féideartha eile a luaitear thuas an chonclúid go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán maidir leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de bharr allmhairí dumpáilte, rud a thug údar le himeachtaí frithdhumpála a thionscnamh.

(15) D'iarr Waren-Verein síneadh a chur leis an tréimhse faoi bhreathnú chun measúnú a dhéanamh ar éifeacht na ndrochbharr in 2020. D'iarr sé éifeachtaí aonuaire eile a mheas freisin, amhail coinníollacha lasta agus airgeadra a bhí fabhrach do chinntí ceannaigh.

(16) Rinneadh anailís sa ghearán ar an nasc cúisíoch deimhneach idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus díobháil ábhartha thionscal an Aontais trí anailís a dhéanamh ar threochtaí na méideanna allmhairí, ar phraghsanna díola an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus ar na príomhtháscairí díobhála le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhéadfaí nasc dearfach a léiriú, agus é á léiriú an tráth céanna nár mhaolaigh aon toisc eile an nasc cúisíoch. Ag an gcéim seo, mheas an Coimisiún go raibh an fhianaise a bhí sa ghearán maidir le cúisíocht réasúnach agus tagraíonn sé do roinn 5 thíos maidir le cúisíocht. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(17) Ar deireadh, d'iarr CFNA ar an gCoimisiún riail na dleachta is lú a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. D'áitigh sé gur theip ar an ngearán fianaise shonrach a chur i láthair maidir le saobhadh amhábhar a bheith ann.

(18) Sholáthair an gearánach fianaise inchreidte agus ábhartha gur comhlíonadh na ceanglais dhlíthiúla uile chun riail na dleachta is lú a tharscaoileadh tráth an tionscnaimh, lena n-áirítear fianaise ar shaobhadh ar an margadh cruach sa tSín a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do phraghas cannaí cruach. Ag an gcéim seo, mheas an Coimisiún go raibh an fhianaise a bhí sa ghearán maidir le saobhadh amhábhar réasúnta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(19) Cháin Waren-Verein an dáta a roghnaíodh chun an t-imeacht a thionscnamh, rud a chuir srian ar an bhféidearthacht go mbeadh páirtithe leasmhara rannpháirteach san imscrúdú.

(20) Níl aon tionchar ag seirbhísí an Choimisiúin ar chinneadh thionscal an Aontais maidir leis an uair a dhéanann siad gearán. A luaithe a thaisctear gearán, tá oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcás agus na páirtithe lena mbaineann a chur ar an eolas laistigh de 45 lá, i gcomhréir le hAirteagal 5(9) den bhun-Rialachán, trí fhógra a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* i gcás imscrúdú a thionscnamh nó trí thionscal an Aontais a chur ar an eolas i gcás ina ndiúltaítear don ghearán.

(21) Maidir le roghnú shampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, d'iarr Waren-Verein onnmhaireoirí a roghnú ar bhonn ionadaíoch.

(22) Chuir an Coimisiún i dtábhacht, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, gur cheart roghnú an tsampla a bheith bailí ó thaobh staidrimh de ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil tráth an roghnúcháin, nó gur cheart é a bheith bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó táirgeachta, díolachán nó onnmhairí is féidir a imscrúdú go réasúnta laistigh den am atá ar fáil.

(23) D'iarr Waren-Verein roghnú an táirge a chumhdaítear leis an imscrúdú a theorannú do chód TARIC 2005 80 00, agus níor cheart cód TARIC 2001 90 30 10 a chur san áireamh.

(24) Thug an Coimisiún dá aire nár cuireadh aon fhianaise bhreise ar fáil chun údar a thabhairt leis an iarraidh ar eisiamh táirgí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([4]) Cinneadh ón gCoimisiún 2012/343/EU an 27 Meitheamh 2012 lena bhfoirceanntar na himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí táirgí próitéine soighe tiubhaithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, 2012/343/AE, (IO L 168, 28.6.2012, lch. 38), aithrisí (161)-(167), ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/343/oj).

(25) D'áitigh Waren-Verein tionchar diúltach na rátaí lasta agus malairte ar phraghsanna táirgí agus d'iarr sé go mbreithneofaí iad agus an gnáthluach á ríomh. Thairis sin, cheistigh Waren-Verein inchomparáideacht praghsanna táirgí a thagann faoin tuairisc ar an táirge ach atá éagsúil ó thaobh méide, tomhaltóirí deiridh, pacáistíochta nó dálaí seachadta de.

(26) Maidir leis na ceisteanna a ardaíodh maidir le hinchomparáideacht praghsanna, chuir an Coimisiún in iúl do Waren-Verein, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán, go ndéantar an chomparáid idir praghsanna onnmhairiúcháin agus an gnáthluach ar an leibhéal céanna trádála agus i ndáil le díolacháin a dhéantar ag an am céanna, a mhéid is féidir, agus aird chuí á tabhairt ar dhifríochtaí eile a dhéanann difear d'inchomparáideacht praghsanna. Más gá, is féidir coigeartuithe a dhéanamh chun difríochtaí maidir le saintréithe fisiceacha, iompar agus dálaí lasta, pacáil, comhshó airgeadra agus fachtóirí eile a chur san áireamh.

(27) D'iarr Waren-Verein leasanna tomhaltóirí agus trádálaithe a mheas le linn an imscrúdaithe. Mhaígh an comhlachas gur dócha go dtiocfaidh méadú ar phraghsanna gráin mhilis chun míbhuntáiste na dtomhaltóirí, i gcás ina bhforchuirfear dleachtanna frithdhumpála. I bhfianaise drochbharra amach anseo agus imeachtaí eile gan choinne san Aontas a dhéanfaidh difear d'allmhairí, mheas an comhlachas nár cheart aon bheart a fhorchur. Mhaígh sé freisin go bhfuil táirgeoirí gráin mhilis an Aontais láidir go leor ó thaobh an gheilleagair de agus nach gá iad a chosaint le bearta frithdhumpála.

(28) Meabhraíonn an Coimisiún do Waren-Verein go ndéantar an measúnú ar leas an Aontais mar chuid den imscrúdú seachas ag céim an ghearáin. Dá bhrí sin, déantar measúnú ar thuairimí na bpáirtithe uile i roinn 7 den rialachán seo.

1.5. **Sampláil**

(29) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(30) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid measta tháirgeacht agus dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is é a bhí sa sampla sin dhá tháirgeoir de chuid an Aontais. Bhí táirgeoirí sampláilte an Aontais freagrach as breis agus [29 - 38] %de mhéid iomlán táirgeachta measta an Aontais agus thart ar [39 - 48] % de mhéid iomlán díolachán measta an Aontais i ndáil leis an táirge comhchosúil. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil i leith an tsampla. Dá bhrí sin, deimhníodh an sampla de thionscal an Aontais.

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(31) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(32) Sholáthair sé allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe ar bhonn an mhéid allmhairí is mó den táirge lena mbaineann san Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach allmhaireoir aitheanta lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Chuir ceann de na hallmhaireoirí sampláilte an Coimisiún ar an eolas nach raibh sé ag iarraidh comhoibriú a thuilleadh agus ní thabharfadh sé freagra ar an gceistneoir. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún allmhaireoir eile a chur in ionad an allmhaireora sin. Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoin athrú dá réir sin. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an sampla coigeartaithe.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(33) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar mhisean na Síne táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(34) Sholáthair trí chuideachta is fiche sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Bhí dhá cheann de na cuideachtaí sin comhlachaithe, agus ní táirgeoir onnmhairiúcháin ceann amháin acu. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de bheirt táirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle leis gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le roghnú an tsampla agus dheimhnigh an Coimisiún an sampla.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(35) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(36) Thairis sin, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach prima facie sa ghearán ar shaobhadh amhábhar sa tSín maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne.

(37) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig an ngearánach, chuig táirgeoirí de chuid an Aontais, chuig táirgeoirí onnmhairiúcháin agus chuig na hallmhaireoirí aitheanta. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([5]) lá an tionscnaimh.

(38) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais

— Bonduelle Europe Long Life, an Fhrainc agus Bonduelle Central Europe, an Ungáir

— Dawtona Sp z o.o., an Pholainn

Allmhaireoirí

— Otto Franck Import GmbH & Co. KG, Augsburg, an Ghearmáin

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne

Grúpa Sunflower

— Sun Flower Food Industry (Xinfeng) Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín

— Sunny Food Industry Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín

Grúpa Tongfa

— Zhangzhou Tongfa Foods Industry Co., Ltd, Zhangzhou, an tSín

— Fujian Tongfa Foods Group Co., Ltd, Cathair Xiamen, an tSín.

(39) Ina theannta sin, d'fhíoraigh an Coimisiún an macraicheistneoir a chuir an gearánach AETMD isteach i bPáras na Fraince.

1.7. **Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm**

(40) Chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh mór sa tSín mar a chuirtear síos air i roinn 3.2.1 thíos.

([5]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2762.

(41) Cuireadh Airteagal 18 i bhfeidhm go páirteach maidir leis an nGrúpa Sunflower maidir le saincheisteanna a bhaineann le faisnéis a soláthraíodh i ndáil le ríomh na bpraghsanna CAL agus na gcostas creidmheasa a bhaineann leis na torthaí ar phraghsanna onnmhairiúcháin mar a thuairiscítear i roinn 3.3 thíos.

(42) Cuireadh Airteagal 18 i bhfeidhm go páirteach maidir le Grúpa Tongfa freisin maidir le saincheisteanna a bhaineann le faisnéis a soláthraíodh i ndáil le ríomh na bpraghsanna CAL a bhaineann leis na torthaí ar phraghsanna onnmhairiúcháin mar a thuairiscítear i roinn 3.4 thíos. Ina theannta sin, cuireadh Airteagal 18 i bhfeidhm freisin chun ionchur uaireanta saothair an chloig i ríomh an tsaothair a chinneadh mar thoisc táirgeachta mar a thuairiscítear i roinn 3.2.3.1 thíos.

1.8. An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

(43) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(44) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú grán milis (Zea mays var. saccharata) ina ghráinní, ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, nach bhfuil reoite agus grán milis (Zea mays var. saccharata) ina ghráinní ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, nach bhfuil reoite, seachas táirgí faoi cheannteideal 2006, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 2001 90 30 (cód TARIC 2001 90 30 10) agus ex 2005 80 00 (cód TARIC 2005 80 00 10 ('an táirge faoi imscrúdú').

(45) Is lena chaitheamh ag an duine a tháirgtear an grán milis. Cuirtear an táirge i láthair i bhformáid stánaithe de ghnáth, ach i ngloiní, i gcartáin Tetra Pak nó i bpúitsí freisin.

2.2. An táirge lena mbaineann

(46) Is ionann an táirge lena mbaineann agus an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne ('an táirge lena mbaineann').

2.3. An táirge comhchosúil

(47) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(48) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. DUMPÁIL

3.1. Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

(49) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(50) Dá dhroim sin, chun na sonraí a bhailiú, ar sonraí iad is gá chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, san fhógra tionscnaimh d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun grán milis áirithe ina ghráinní ullmhaithe nó leasaithe (grán milis) a tháirgeadh. Sholáthair ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha.

(51) Chun faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(52) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go raibh an Tuirc roghnaithe aige go sealadach mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(53) An 12 Márta 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann. Ina theannta sin, bunaithe ar na critéir lena dtreoraítear rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, is iad sin an Cholóim, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an tSeirbia, an Téalainn agus an Tuirc mar thíortha ionadaíocha iomchuí.

(54) An 6 Meitheamh 2025, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ('an Dara Nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Mhalaeisia an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go leagfadh sé síos costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus na brabúis bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil do Fraser agus Neave Holdings BHD, táirgeoir sa tír ionadaíoch.

(55) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár cheart an Cholóim, an tSeirbia ná an Tuirc a mheas mar thíortha ionadaíocha, go háirithe mar gheall ar an easpa sonraí airgeadais ábhartha atá ar fáil go poiblí a bhaineann le cuideachtaí a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú agus/nó táirgí comhchosúla. Thairis sin, ní cosúil gur tír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a), ós rud é go bhfuil tionchar ag saobhadh ar phraghsanna allmhairí gráin mhilis úir sa Téalainn, mar gheall ar a gcainníocht allmhairí ón tSín.

(56) Níor mhol an Coimisiún Meicsiceo mar thír ionadaíoch mar gheall ar easpa sonraí allmhairiúcháin le haghaidh grán milis úr, arb é an phríomhthoisc tháirgeachta é arb ionann é agus thart ar 50 % de chostas iomlán na monaraíochta.

(57) Thug an Coimisiún dá aire go soláthródh an Mhalaeisia tagarmharc oiriúnach do na tosca táirgeachta is tábhachtaí (grán milis úr agus cannaí). Thug an Coimisiún dá aire infhaighteacht praghais allmhairiúcháin oiriúnach le haghaidh grán milis úr mar gheall ar chainníochtaí ísle na n-allmhairí ón tSín. A mhéid a bhaineann le cannaí, cé gur ón tSín a fuarthas 78 %de chainníochtaí, thug an Coimisiún dá aire go raibh difríocht mhór idir praghsanna idir cannaí a fuarthas ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus cannaí ó fhoinsí eile (thart ar 14 CNY in aghaidh an chileagraim agus 28 CNY in aghaidh an chileagraim faoi seach). Dá bhrí sin, in éagmais fianaise go ndearnadh saobhadh ar phraghas cannaí ó fhoinsí eile, mhol an Coimisiún an praghas sin a úsáid mar thagarmharc. Fuarthas amach nach raibh tionchar ag praghsanna na Síne ar allmhairí cannaí ó fhoinsí eile agus bhí cainníochtaí agus praghsanna na coda eile d'allmhairí fós ionadaíoch. Ina theannta sin, bhí faisnéis Fraser agus Neave Holdings BHD an-oiriúnach mar fhoinse SGA agus sonraí brabúis toisc gur le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin a bhí tuarascáil bhliantúil 2024 (30 Deireadh Fómhair 2023 go mí Mheán Fómhair 2024).

(58) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach an Mhalaeisia a roghnú mar an tír ionadaíoch is iomchuí. Pléitear thíos na barúlacha a thug páirtithe leasmhara maidir leis an gCéad Nóta agus an Dara Nóta, agus go háirithe maidir le rogha na tíre ionadaíche, i roinn 3.2.2.

3.2. **An Gnáthluach**

(59) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '*beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*'.

(60) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*más rud é go gcinntear …nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh mór sa tír sin de réir bhrí phointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*', agus '*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar '*costais riaracháin, díola agus ghinearálta*').

(61) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú reatha gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil agus i bhfianaise na heaspa comhoibre a fuarthas ó Rialtas na Síne, b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(62) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sonraítear gurb é atá i '*saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil mhór rialtais orthu*'. *Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:*

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar fhórsaí an mhargaidh shaoir ar chaoi eile;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá;

— rochtain ar mhaoiniú a dheonaíonn institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(63) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal (2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gurb ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar na tosca fíorasacha céanna a úsáid chun a thaispeáint gur ann do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe ar an liosta.

(64) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá idir lámha. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh le cinneadh an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.

(65) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i] *gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*'.

(66) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín (dá ngairtear '*an Tuarascáil*' anseo feasta) ([6]), ina léirítear gur ann d'idirghabháil shubstainteach rialtais ar roinnt leibhéal an gheilleagair, lena n-áirítear saobhadh sonrach ar roinnt príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha ar leith chomh maith (amhail an earnáil cruach). Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe ag tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt ina leith nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh.

(67) D'áitigh an gearánach nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar mór idirghabhálacha ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán agus, mar thoradh air sin, nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí.

(68) Chun tacú leis an seasamh sin, thagair an gearánach don fhianaise atá sa Tuarascáil, go háirithe maidir le saobhadh i bpríomhearnálacha an táirgthe, amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar, chomh maith le príomh-amhábhair i dtáirgeadh gráin mhilis leasaithe amhail cruach agus alúmanam. Mhaígh an gearánach gur ann do shaobhadh mór maidir leis na pointí uile a liostaítear in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(69) Go sonrach, mhaígh an gearánach go bhfeidhmíonn *Rialtas na Síne* rialú, maoirseacht agus treoraíocht ar thionscal leasaithe gráin mhilis na Síne, ar dlúthchuid de thionscal an bhia stánaithe é. Liostaigh an gearánach roinnt beart beartais a raibh an méid seo a leanas mar thoradh orthu: táirgeoirí na Síne a chloíonn le hidé-eolaíocht Pháirtí Cumannach na Síne ('*Páirtí Cumannach na Síne*'); cur chuige atá dírithe ar onnmhairiú a shaothrú go háirithe tríd an Tionscnamh Creasa agus Bóthair ('*BRI*'); san earnáil ina bhfuil comhdhlúthú láidir agus gan ach dornán gníomhaithe margaidh i láthair; an táirgeoir Síneach ag fáil tacaíocht rialtais.

(70) I measc na mbeart beartais náisiúnta is tábhachtaí chun na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach, thug an gearánach an méid seo a leanas dá aire:

— an 14ú Plean Cúig Bliana náisiúnta ('*FYP14*') arb é is aidhm dó tacú le táirgí talmhaíochta agus le cumais táirgthe agus iad a chomhdhlúthú agus a neartú ([7]);

— an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal Bia Stánaithe na Síne a fhorbairt, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá beartas onnmhairiúcháin cobhsaí agus ar an ngá atá le feabhas a chur ar iomaíochas idirnáisiúnta na hearnála agus ina bhfuil dreasachtaí do thionscal an bhia stánaithe chun na cuspóirí liostaithe a bhaint amach ([8]);

— na Tuairimí ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le Príomhoibreacha Athbheochan na Tuaithe a chur chun cinn go cuimsitheach in 2023, a bhaineann le nuachóiriú na gceantar talmhaíochta agus tuaithe ([9]);

— comhlachas Thionscal Bia Stánaithe na Síne ('*CCFIA*') Plean Gníomhaíochta Speisialta Trí Bliana (2021-2023), agus é mar chuspóir aige feabhas a chur ar an gcomhar i measc táirgeoirí tionscail stánaithe ([10]).

([6]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD(2024)91 final.

([7]) Ionad Ollscoile Georgetown um Shlándáil agus um Theicneolaíocht atá ag Teacht Chun Cinn, 'Aistriúchán: Achoimre ar an 14ú Plean Cúig Bliana do Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035,' 13 Bealtaine 2021.

([8]) Comhlachas Thionscal Bia Stánaithe na Síne, 'Achoimre ar Phlean Cúig Bliana 14 d'Fhorbairt Thionscal Bia Stánaithe na Síne'.

([9]) Rialtas na Síne, 'Roinnt Tuairimí ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le Príomhoibreacha d'Athbheochan na Tuaithe a Chur chun Cinn go Cuimsitheach in 2023', 13 Feabhra 2023.

([10]) Comhlachas Thionscal Bia Stánaithe na Síne, 'Plean Gníomhaíochta Speisialta Trí Bliana (2021-2023),' 7 Meán Fómhair 2021.

(71) I measc na mbeart beartais cúigeach agus bardasach chun tacú leis an tionscal bia stánaithe, thug an gearánach an méid seo a leanas dá aire:

— in Guandong, Plean Forbartha Thionscal Próiseála Táirgí Talmhaíochta (2018-2025), arb é is aidhm dó saoráidí próiseála príomhúla a thógáil agus a bharrfheabhsú, agus tacaíocht do roinnt tionscadal a ráthú ([11]);

— in Heilongjiang, an Plean Gníomhaíochta Trí Bliana (2023-2025) chun Dlús a chur le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Próiseála Táirgí Talmhaíochta, arb é is aidhm dó freisin feabhas a chur ar chóras tionsclaíoch na próiseála táirgí talmhaíochta ([12]), chomh maith leis an bhFógra gaolmhar maidir le hEisiúint an Phlean Gníomhaíochta 3 bliana (2023-2025) chun Dlús a chur le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Próiseála Táirgí Talmhaíochta (Fógra ón Oifig Ghinearálta) ([13]) agus an Fógra maidir le hEisiúint Roinnt Beartas chun Tacú le Forbairt Ardcháilíochta Thionscal Dianphróiseála Táirgí Talmhaíochta ([14]);

— i mbardasacht Suiha (Heilongjiang), na Tuairimí Cur Chun Feidhme maidir le Dlús a chur le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Próiseála Táirgí Talmhaíochta (2023-2025), ina luaitear gur cheart go mbainfeadh próisis táirgí talmhaíochta i bhfiontair, lena n-áirítear an tionscal próiseála arbhair, tairbhiú de thacaíocht mhéadaithe beartais, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as seirbhísí airgeadais nuálacha ([15]).

(72) Ina theannta sin, thug an gearánach dá aire go gcoinníonn Rialtas na Síne smacht ar an ngeilleagar freisin trína láithreacht i *bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit* agus i gcuideachtaí príobháideacha, trí choistí Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí, agus trí phríomhphearsanra bainistíochta a cheapadh, ar comhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne iad de ghnáth ach a bhfuil poist shinsearacha acu in ordlathas Pháirtí Cumannach na Síne freisin ([16]). Léirigh an gearánach é sin le samplaí sonracha de tháirgeoirí san earnáil, lena n-áirítear:

— Hangzhou Wahaha, grúpa Co Ltd, a raibh a bhunaitheoir agus a chathaoirleach ina ionadaí ar Pháirtí Cumannach na Síne sa Chomhdháil in Zhejiang ([17]);

— Grúpa Bia Huanlejia: an cathaoirleach agus an bainisteoir ginearálta, dá dtagraítear go comhsheasmhach i gcomhduithe rialála na cuideachta mar '*pholaiteoir cumannach*' ([18]);

— Hebei Yaxiong Modern Agriculture Co. Ltd.: a bhfuil a scairshealbhóir rialaithe ina chomhalta de Choiste Cúige Hebei de Chomhdháil Chomhairleach Pholaitiúil Phobal na Síne agus de Chónaidhm Tionscail agus Tráchtála Hebei, chomh maith le cathaoirleach Chomhlachas Tráchtála an Tionscail Glasraí ([19]).

([11]) Rialtas na Síne, 'Plean Forbartha Thionscal Próiseála Táirgí Talmhaíochta Chúige Guangdong (2018-2025),' Yue Nong [2018] Uimh. 195, 30 Lúnasa 2018.

([12]) Rialtas na Síne, 'Oifig Ghinearálta Dhaon-Rialtas Chúige Heilongjiang maidir le heisiúint Chúige Heilongjiang chun dlús a chur le cur chun cinn ardcháilíochta an tionscail próiseála táirgí talmhaíochta Fógra maidir le Plean Gníomhaíochta 3 Bliana um Fhorbairt (2023-2025)'.

([13]) Rialtas na Síne, 'Fógra ó Oifig Ghinearálta Dhaon-Rialtas Chúige Heilongjiang maidir le heisiúint an phlean gníomhaíochta 3 bliana (2023-2025) chun dlús a chur le forbairt ardcháilíochta an tionscail próiseála táirgí talmhaíochta i gCúige Heilongjiang,' Rialachán [2023] Uimh. 3, 25 Meitheamh 2023.

([14]) Rialtas na Síne, 'Fógra ó Oifig Ghinearálta Dhaon-Rialtas Chúige Heilongjiang maidir le roinnt beartas agus beart a eisiúint chun tacú le forbairt ardcháilíochta thionscal dianphróiseála na dtáirgí talmhaíochta i gCúige Heilongjiang,' Rialacháin an Rialtais [2023] Uimh. 4, 25 Meitheamh 2023.

([15]) Rialtas na Síne, 'Tuairimí Cur Chun Feidhme Oifig Rialtais Bhardasach Suihua maidir le Dlús a chur le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Próiseála Táirgí Talmhaíochta (2023-2025),' Suizheng banfa [2023] Uimh. 24, 31 Lúnasa 2023.

([16]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 55.

([17]) 36 Krypton, 'Reviewing Zong Qinghou's ten major life nodes,' 25 Feabhra 2024.

([18]) Huanlejia, 'Tuarascáil Bhliantúil 2022,' Aibreán 2023, lch. 8.

([19]) Hebei Yaxiong Modern Agriculture Co. Ltd., 'Treoracha um Aistriú Poiblí (dréachtdearbhú),' Meitheamh 2017, lgh. 30, 43.

(73) Luaigh an gearánach freisin go n-eascraíonn an saobhadh in earnáil an táirge faoi imscrúdú as idirghabháil Rialtas na Síne sna hearnálacha réamhtheachtacha, go háirithe arbhar amh agus cruach.

(74) Maidir leis an tionscal arbhair amh, thug an gearánach dá aire gur fiontair faoi úinéireacht stáit iad formhór mór na n-onnmhaireoirí arbhair, ar feithiclí de chuid Rialtas na Síne iad, de réir an ghearánaigh, chun a spriocanna beartais a bhaint amach agus chun tairbhe a bhaint as tacaíocht ghaolmhar rialtais.

(75) Maidir leis an earnáil cruach, thug an gearánach dá aire gur fiontair faoi úinéireacht stáit iad formhór na dtáirgeoirí cruach sa tSín, agus thagair sé d'imscrúduithe roimhe seo inar shuigh an Coimisiún gur ann do shaobhadh laistigh den earnáil ([20]).

(76) Mar chonclúid, d'áitigh an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san earnáil gráin mhilis.

3.2.1.1. Saobhadh suntasach a imríonn tionchar ar phraghsanna intíre agus costais intíre sa tSín

(77) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar choincheap 'gheilleagar an mhargaidh shóisialaigh'. Tá an coincheap sin cumhdaithe i mBunreacht na Síne agus is rud é a chinneann rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an croíphrionsabal '*úinéireacht phoiblí shóisialach na modhanna táirgthe, eadhon, úinéireacht ag an bpobal uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*' ([21]).

(78) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit an '*fórsa ceannasach sa gheilleagar náisiúnta*' agus tá sainordú ag an stát '*a chomhdhlúthú agus a fhás*' a áirithiú ([22]). Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfágann comhdhéanamh foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha rialtais a dhéanamh sa gheilleagar, ach déantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an duine príobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnaigh reachtaíochta.

(79) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([23]).

(80) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(81) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(82) Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: '[i]*s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*' cuireadh dara habairt nua isteach ina léitear: '[i]*s é gné shainithe an tsóisialachais le saintréithe Síneacha ná ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*' ([24]). Léiríonn sé sin smacht gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, smacht atá ag fás de shíor.

(83) Gné dhílis de chóras na Síne is ea an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann siad thar an ngnáth-chás i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha a mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú laistigh díobh.

([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cruach le bratú cróimiaim leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle, aithris 75, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/802/oj; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí ceaigeanna cruach dosmálta in-athlíonta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, aithris 58, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/100/oj.

([21]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 7.

([22]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 7-8.

([23]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 10, 18.

([24]) Féach: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.html (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).

(84) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch crioscaíolach de bhun spriocanna, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag léiriú na gcoinníollacha eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([25]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, leis an gcóras airgeadais agus le leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

(85) Ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal maidir le smacht riaracháin foriomlán, rialaítear treo gheilleagar na Síne trí chóras casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile laistigh den tír. Cumhdaíonn iomláine na bpleananna sin maitrís chuimsitheach agus chasta earnálacha agus beartais trasearnála agus tá siad i láthair ar gach leibhéal den rialtas.

(86) Bíonn na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na bealaí a úsáidtear chun tacú leis na tionscail/hearnálacha ábhartha chomh maith leis na tréimhsí ama ina gcaitear na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí.

(87) Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh.

(88) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir chinn phríobháideacha agus chinn faoi úinéireacht an Stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir an mhéid a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála i ndáiríre. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas le córas na bpleananna, agus toisc go n-úsáideann siad a gcumhachtaí dílsithe dá réir sin, rud a thugann ar na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([26]).

(89) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, is iad na bainc thráchtála agus na bainc bheartais faoi úinéireacht stáit atá i réim i gcóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith ([27]).

(90) Baineann an rud céanna le comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, margaí bannaí, margaí cothromais príobháideacha etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil oiriúnaithe chun feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([28]).

(91) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt foirmeacha ag baint le hidirghabhálacha an Stáit sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta in iarracht spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach, rud dá réir sin a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an Stáit a éascú. Mar sin féin, níl an cineál spriocanna atá i gceist sainithe go fóill, rud a fhágann dá bhrí sin corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([29]).

(92) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, coimeádann Rialtas na Síne smacht suntasach agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar dhearbhmhéid na hinfheistíochta Stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([30]).

(93) Mar achoimre, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Tagann idirghabhálacha substainteacha rialtais den sórt sin salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr sin ([31]).

([25]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 29-30.
([26]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 57, 92.
([27]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 149-150.
([28]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 153-171.
([29]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 204-205.
([30]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.
([31]) Tuarascáil — Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.

3.2.1.2. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.

(94) Sa tSín, léiríonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht agus/nó faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi threoraíocht an Stáit cuid fhíor-riachtanach den gheilleagar.

(95) Cuideachtaí príobháideacha is mó a tháirgeann grán milis, amhail Sunflower Food Industry Xinfeng Co. Ltd. ([32]), Zhangzhou Tongfa Food Industry Co. Ltd. ([33]) nó Runfeng Food Co. Ltd. ([34]). Tá freastal á dhéanamh ar earnáil an bhia stánaithe freisin ag cuideachtaí atá faoi pháirtúinéireacht an stáit amhail Grúpa Hangzhou Wahaha ([35]) a bhfuil 46 % díobh faoi úinéireacht stáit ([36]).

(96) Mar sin féin, tá idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([37]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise an mhéid ar fhás struchtúir an Stáit agus na bPáirtithe le chéile sa tSín.

(97) Thairis sin, tá earnáil an ghráin mhilis faoi réir roinnt beartais rialtais, amhail príomhbheartais 2022 seo a leanas a d'fhógair an Aireacht Airgeadais agus an Aireacht Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe: '[f]*orbairt chomhtháite thionscal na talmhaíochta. Comhordú a dhéanamh ar leagan amach agus tógáil roinnt páirceanna tionsclaíocha talmhaíochta nua-aimseartha náisiúnta, braislí tionsclaíocha buntáisteacha agus sainiúla, agus bardais láidre tionsclaíocha talmhaíochta. Díriú ar shlándáil náisiúnta bia agus soláthar éifeachtach táirgí talmhaíochta tábhachtacha a áirithiú, ag díriú ar rís, cruithneacht, arbhar,* [...] *córas tionsclaíoch tuaithe nua-aimseartha a thógáil a bheidh bunaithe ar bhailte láidre tionsclaíocha, páirceanna tionsclaíocha mar inneall, agus braislí tionsclaíocha mar chnámh droma, leagan amach cúige, contae agus bailecheantair, agus cur chun cinn comhordaithe pointí, línte agus limistéar, chun cáilíocht agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht na forbartha tionsclaíche ina hiomláine*' ([38]).

(98) Ar an gcaoi chéanna, leagtar amach na cuspóirí seo a leanas sa 14ú Plean 5 Bliana maidir le Nuachóiriú na Talmhaíochta agus na Limistéar Tuaithe a Chur chun Cinn: '[f]*oirgníocht chrios thionscal na slándála bia:* [b]*unaithe ar tháirgeadh agus ar sholáthar rise, cruithneachta, arbhair, pónairí soighe, etc., leagan amach an fhothaithe acmhainneachta i dtáirgeadh, i bpróiseáil, i stóráil agus i gcúrsaíocht a chomhordú, agus criosanna tionsclaíocha sábháilteachta bia a thógáil* [...]' ([39]).

(99) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([40]).

([32]) Féach: http://en.tyhsp.cn/ (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([33]) Féach: http://www.tfacan.com/page-10500.html (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([34]) Féach: http://www.jsrunfeng.cn/ (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([35]) Féach: https://www.wahaha.com.cn/#/Introduce (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([36]) Féach: http://www.21jingji.com/article/20240718/herald/8041aff7549aaa03487bacb1128aa14f.html (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([37]) Féach Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach Tuarascáil — Caibidil 3, lgh. 47-50.
([38]) Féach: http://www.moa.gov.cn/gk/cwgk_1/nybt/202206/t20220610_6402146.htm, mír 20 (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([39]) Féach ag: https://www.gov.cn/zhengce/content/2022-02/11/content_5673082.htm, roinn II.6, Bosca 2 (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([40]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 24-27.

(100) Mar shampla, cumhdaítear earnáil an bhia stánaithe le Comhairle Náisiúnta Tionscail Éadrom na Síne (*'CNLIC'*) ([41]). Tugtar tuairisc in Airteagal 2 d'Airteagail Chomhlachais CNLIC ([42]) ar chuspóir na Comhairle mar '*staidéar críochnúil a dhéanamh ar spiorad shraith óráidí tábhachtacha an Ard-Rúnaí Xi Jinping agus é a chur chun feidhme.*' Thairis sin, sainordaítear le hAirteagal 3 '[g]*o gcloíonn an Chomhairle le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, go mbunaíonn sé eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne, go bhforbraíonn sé gníomhaíochtaí de chuid an pháirtí, agus go soláthraíonn sé na coinníollacha is gá chun gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí páirtí i gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne*' ([43]).

(101) Cuireann CNLIC treoraíocht ar fáil don earnáil ([44]), agus do CCFIA ([45]), go háirithe a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí neartaithe Páirtí agus ceapadh beartas. In 2022, mhol an Chomhairle '*gur cheart do CCFIA cloí leis an treoraíocht maidir le tógáil an Pháirtí, an tionscal a threorú chun éisteacht gan staonadh leis an bPáirtí, agus an Páirtí a leanúint go daingean*' agus '*gur cheart dó fiontair a spreagadh chun cineálacha nua a fhorbairt ar bhonn* [...] *glasraí stánaithe*' agus '*fiontair a fhorbairt, a neartú agus tacú leo, braislí tionscail cannadóireachta a fhorbairt*' ([46]).

(102) Dá réir sin, de réir Airteagal 4 d'Airteagail Chomhlachais CCFIA ([47]), '*cloíonn an Comhlachas le ceannaireacht fhoriomlán* [Páirtí Cumannach na Síne], *bunaíonn sé eagrú* [Páirtí Cumannach na Síne] *i gcomhréir le forálacha* Bhunreacht *[Páirtí Cumannach na Síne]* [...], *déanann sé gníomhaíochtaí Páirtí, agus soláthraíonn sé na coinníollacha is gá le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíochtaí Páirtí. Is é Aireacht Gnóthaí Sibhialta Dhaon-Phoblacht na Síne údarás clárúcháin agus bainistíochta an Chomhlachais seo, agus is é Coiste Páirtí Choimisiún na Comhairle Stáit um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit údarás tógála an Pháirtí*'. Thairis sin, '*glacann an Comhlachas leis an treoraíocht ghnó, leis an maoirseacht ghnó agus leis an mbainistíocht ghnó*' ón Aireacht Gnóthaí Sibhialta agus ón gCoiste Páirtí den Choimisiún um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit ([48]). Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 24 d'Airteagail Chomhlachais CCFIA ar chathaoirleach, leas-chathaoirleach agus ardrúnaí an chomhlachais '[c]*loí le seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí agus dea-cháilíochtaí polaitiúla a bheith aige*' ([49]). Is comhaltaí uile de CCFIA iad Sunflower Food Industry Xinfeng Co. Ltd. ([50]), Zhangzhou Tongfa Food Industry Co. Ltd. ([51]) agus Runfeng Food Co. Ltd. ([52]).

(103) Dá dheasca sin, cuirtear cosc fiú ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta.

3.2.1.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas

(104) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht an stáit agus san earnáil phríobháideach araon, trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(105) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí ([53])) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

([41]) Féach: http://www.cnlic.org.cn/index.html(arna rochtain an 11 Meitheamh 2025).
([42]) Féach: http://www.cnlic.org.cn/footers/footer-zc.html(arna rochtain an 11 Meitheamh 2025).
([43]) Ibid.
([44]) Féach: http://www.cnlic.org.cn/LingDaoHuoDong/202206/t20220630_64680.html (arna rochtain an 11 Meitheamh 2025).
([45]) Féach: http://www.topcanchina.com (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([46]) Féach: http://www.cnlic.org.cn/LingDaoHuoDong/202206/t20220630_64680.html (arna rochtain an 11 Meitheamh 2025).
([47]) Féach: http://www.topcanchina.com/xhjj/4095 (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([48]) Ibid.
([49]) Ibid.
([50]) Féach: http://www.topcanchina.com/myxrhqy/16113 (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([51]) Féach: http://www.topcanchina.com/myxrhqy/16123 (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([52]) Féach: http://www.topcanchina.com/xhhydw/11568 (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([53]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 40.

(106) Níor léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([54]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([55]).

(107) Cheana féin in 2018, tuairiscíodh go raibh cealla den Pháirtí in 73 % de thart ar 2.57 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ([56]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(108) De bhreis air sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta *Choiste* Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua (*'na Treoirlínte'*) ([57]) rud a chuir le ról choistí an pháirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(109) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]*í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin*'; agus i Roinn III.6 deirtear: '[n]*í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha* agus *a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar chumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe*'. Cuirtear béim sna Treoirlínte mar sin ar ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar ann le ról an Pháirtí a mhéadú i gcuideachtaí agus in eintitis na hearnála príobháidí ([58]).

(110) Cé nárbh fhéidir forluí córasach a bhunú idir poist bhainistíochta agus ballraíocht/feidhmeanna i bPáirtí Cumannach na Síne i measc tháirgeoirí an táirge lena mbaineann, dheimhnigh an t-imscrúdú gur chuir Páirtí Cumannach na Síne isteach go díreach ar a mbainistíocht. Mar shampla, déanann Coiste Oibre an Pháirtí agus Brainse an Pháirtí Ghinearálta de Chomhlachas Tráchtála Cheantar Shráid Pancheng atá lonnaithe i gceantar Nanjing Jiangbei ([59]), áit a bhfuil fochuideachta de chuid Runfeng Food Co. lonnaithe, cur síos ar a chuid oibre mar '[d]*íriú go cúng ar phríomhlíne thógáil an Pháirtí chun obair an Chomhlachais Tráchtála a stiúradh*, [...] *bearta iomadúla a dhéanamh chun comhtháthú domhain fhoirgneamh an Pháirtí agus obair an Chomhlachais Tráchtála a chur chun cinn*. [...] *Le linn an phróisis freastal ar fhiontair, déanann Brainse an Pháirtí Ghinearálta den Chomhlachas Tráchtála go tráthrialta siompóisiamaí 'fiontair seirbhíse, siompóisiamaí aghaidh ar aghaidh' agus cuairteanna chun cabhrú le fiontair a bheith níos mó agus níos láidre, agus le linn an phróisis freastal ar fhiontair, d'éirigh leis a lán tionscadal a thabhairt isteach* [...] *agus chuir sé Jiangsu Runfeng Food Co., Ltd. chun cinn chun infheistíocht a dhéanamh i dtógáil ionad cuimsitheach sórtála táirgí talmhaíochta páirce taispeána*' ([60]).

(111) Thairis sin, sainordaítear leis an Dlí maidir le Geilleagar na hEarnála Príobháidí a Chur Chun Cinn (*'Dlí an Gheilleagair Phríobháidigh'*) '[g]*o dtacóidh eagraíochtaí eacnamaíocha agus a n-oibreoirí le ceannaireacht [Páirtí Cumannach na Síne]* [...]*, go gcloífidh siad leis an gcóras sóisialach le saintréithe Síneacha, agus go nglacfaidh siad páirt ghníomhach i dtógáil cumhachta nua-aimseartha sóisialaí*' ([61]).

(112) Tá tionchar saofa breise ar an margadh mar gheall ar láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin ([62]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an stáit i ngnólachtaí, in earnálacha an ghráin mhilis agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), is féidir le Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais.

([54]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*; Foreign Affairs, eag. 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.

([55]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 41.

([56]) Féach: https://merics.org/en/comment/who-ccp-chinas-communist-party-infographics (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).

([57]) Na Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua, féach ag: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).

([58]) Financial Times (2020) — Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise, féach ag: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).

([59]) Féach: https://njna.nanjing.gov.cn/jd/pcjd/jdgk/201807/t20180724_502337.html (arna rochtain an 19 Meitheamh 2025).

([60]) Féach: http://js.news.cn/20250108/60bd844f35d747b3917cfe5131c0a677/c.html (arna rochtain an 11 Meitheamh 2025).

([61]) Féach Airt. 5 den Dlí maidir leis an nGeilleagar Príobháideach, le fáil ag: https://www.gov.cn/yaowen/liebiao/202504/content_7022018.htm (arna rochtain an 12 Meitheamh 2025).

([62]) Tuarascáil — Caibidil 14, Ranna 14.1 go 14.3.

3.2.1.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir

(113) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh go leibhéal suntasach le córas casta pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, leo. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna a bhíonn ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(114) Ar an iomlán, is é an toradh a bhíonn ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha atá tábhachtach ar shlí eile ó thaobh na polaitíochta de, in ionad na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([63]).

(115) Thairis sin, leagtar amach i nDlí an Gheilleagair Phríobháidigh '[g]*o neartóidh sé tógáil foirne d'oibreoirí eagraíochtaí eacnamaíocha príobháideacha, neartóidh sé treoraíocht idé-eolaíoch agus pholaitiúil, agus cuirfidh sé i dtábhacht a ról tábhachtach san fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta*; [...] *oibreoirí eagraíochtaí eacnamaíocha príobháideacha a threorú chun na croíluachanna sóisialacha a chleachtadh, a bheith tírghrách agus tiomnaithe,* [...] *agus a bheith ina dtógálaithe sóisialachais ag a bhfuil saintréithe Síneacha agus tionscnóirí nuachóirithe ar stíl na Síne*' agus freisin '[g]*o nglacfaidh eagraíochtaí eacnamaíocha príobháideacha agus a n-oibreoirí* […] *le maoirseacht rialtais agus shóisialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí táirgthe agus oibríochta*' ([64]).

(116) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas chun feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann a threorú.

(117) Tá an fhoráil seo a leanas ag a bhfuil tionchar ar fheidhmiú na hearnála ann freisin i bpríomhbheartais 2022 na hAireachta Airgeadais agus na hAireachta Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe a luaitear thuas (féach aithris (97)): '[l]*eanfaidh an stát de bheartais a chur chun feidhme amhail fóirdheontais do tháirgeoirí arbhair agus pónairí soighe, fóirdheontais le haghaidh ríse, agus dreasachtaí do chontaetha móra táirgthe gráin, chun éifeachtacht an athchóirithe struchtúraigh ar thaobh an tsoláthair sa talmhaíocht a chomhdhlúthú agus chun slándáil bia náisiúnta a áirithiú*'. Thairis sin, déantar foráil sa doiciméad maidir le '[d]*ámhachtainí le haghaidh contaetha móra táirgthe síolta. Raon feidhme na tacaíochta a leathnú chuig contaetha mórtháirgthe síolta ríse, cruithneachta, arbhair* [...]*, agus claochlú agus uasghrádú an tionscail síolta a chur chun cinn*' ([65]).

(118) Tá sé d'aidhm ag an 14ú Plean 5 Bliana maidir le Nuachóiriú na Talmhaíochta agus na Limistéar Tuaithe a Chur chun Cinn ([66]) '[b]*eartais chun tacú le feabhas a chur ar tháirgeacht gráin. Fóirdheontais feirmeoirí gráin a chobhsú, feabhas a chur ar an mbeartas um íosphraghas ceannaigh do rís agus cruithneacht, agus an beartas fóirdheontais do tháirgeoirí arbhair agus pónairí soighe. Feabhas a chur ar an sásra cúitimh do leasanna limistéar mórtháirgthe gráin agus feabhas a chur ar an gcóras beartais tacaíochta do na contaetha mórtháirgthe gráin*' ([67]). De réir an 14ú Plean Cúig Bliana maidir leis an Earnáil Plandaí a Fhorbairt ar an Leibhéal Náisiúnta ([68]), '[l]*e linn an 14ú* tréimhse *[FYP], féachfaimid ar leathnú féideartha, acmhainneacht táirgeachta a mhéadú, struchtúr a bharrfheabhsú, forbairt éagsúlaithe a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar chumais ráthaíochta soláthair*' ([69]).

([63]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.
([64]) Féach Airteagail 5 agus 6 de Dhlí an Gheilleagair Phríobháidigh.
([65]) Féach: http://www.moa.gov.cn/gk/cwgk_1/nybt/202206/t20220610_6402146.htm, míreanna 6 agus 15 (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([66]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/content/2022-02/11/content_5673082.htm (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([67]) Ibid., Roinn II.1.
([68]) Féach: http://www.moa.gov.cn/govpublic/ZZYGLS/202201/t20220113_6386808.htm (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).
([69]) Ibid., Roinn III.1.3.

(119) Thairis sin, '*chun cinntí agus treoirlínte an Pháirtí agus an Rialtais a chur chun feidhme* ([70])', d'eisigh CCFIA an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal Bia Stánaithe na Síne ([71]) a Fhorbairt inar leagadh síos spriocanna cainníochtúla amhail '*trí bhonn taispeána a thógáil le haghaidh amhábhair ardcháilíochta le haghaidh bia stánaithe, cúig aonad taispeána nuálaíochta a chruthú, braisle thionscal an bhia stánaithe náisiúnta nua amháin a shaothrú,* deich mbranda tionchair a shaothrú a bhfuil ardcháil orthu', chomh maith le spriocanna cáilíochtúla amhail '*éagsúlachtaí bia stánaithe amhail glasraí a fhorbairt go gníomhach* [agus] *limistéir thalmhaíochta a threorú* [...] *chun barra agus pórtha glasa ardcháilíochta a fhorbairt* [...] *agus braislí tionscail comhfhreagracha a chruthú*' ([72]).

(120) Ar leibhéal na gcúigí, d'eisigh Jiangxi an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal Monaraíochta Ardcháilíochta a Fhorbairt ag féachaint le '*slabhra an tionscail bia a leathnú agus a fhormhéadú a thuilleadh, breisluach táirge a mhéadú* [ionas] [f]*aoi 2025, go sroichfidh scála* thionscal *próiseála bia an chúige RMB 850 billiún yuan*. [...] *In earnáil na dtorthaí agus na nglasraí stánaithe,* [déanfaimid] *bunáiteanna próiseála glasraí agus torthaí a thógáil* [...] *agus an bhraisle próiseála torthaí agus glasraí a leathnú agus a neartú in oirdheisceart Fujian*' ([73]).

(121) Tá Sunflower Food Industry Xinfeng Co. Ltd lonnaithe in Jiangxi agus tá Zhangzhou Tongfa Food Industry Co. Ltd lonnaithe in Fujian.

(122) Thairis sin, tá sé d'aidhm ag Heilongjiang, ina 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Peirspictíochtaí 2035, '[b]*arra bia ardtáirgeachta amhail arbhar a leathnú go cothrom,* [...] *agus bonn náisiúnta táirgthe arbhair agus pónairí soighe ar ardchaighdeán a thógáil*' ([74]).

(123) Go sonrach d'earnáil an táirge lena mbaineann, d'eisigh Heilongjiang Plean Forbartha don Tionscal Próiseála Arbhair (2021-2025) ([75]), ar dá réir a bheartaíonn an cúige '*grúpa fiontar ceannródaíoch agus cnámh droma a chothú agus a chruthú faoi stiúir fiontair '10 mbilliún' ar leibhéal* [RMB]*, chun an phríomhthacaíocht a chur ar fáil chun córas nua-aimseartha a* thógáil *don tionscal próiseála arbhair*' agus chun '[a]*istriú agus uasghrádú fiontar a chur chun cinn agus a uasghrádú chun go mbeidh siad níos fearr agus níos láidre,* [...] [f]*iontair phróiseála arbhair chun dlús a chur leis an gclaochlú teicneolaíoch, ardteicneolaíochtaí agus teicneolaíochtaí agus próisis is infheidhme a ghlacadh, seantrealamh a dhíothú, ardtrealamh agus línte táirgthe a thabhairt isteach agus a cheannach, agus croí-iomaíochas a fheabhsú.*' ([76]).

(124) Thairis sin, in 2024, sheol Shandong '*tionscadal píolótach*' chun tionscal an arbhair a chur chun cinn, a uasghrádú agus a fhorbairt ([77]), lena gcuirtear tacaíocht thábhachtach chánach ar fáil don taighde agus don fhorbairt.

(125) Ar an gcaoi chéanna, d'eisigh Jilin beartais fhabhracha shonracha a chuaigh chun tairbhe thionscal an táirge lena mbaineann. De réir tuarascála a eisíodh ar a shuíomh gréasáin, déanann Biúró um Chánachas Cúige Jilin '*liosta na dtairbhí beartais chomh maith le liosta na dtopaicí a dteastaíonn freagairt thapa orthu a fhoirmliú agus a choigeartú. Tá riachtanais ag fiontair, freagraítear dóibh le cánachas. Ar an mbealach chun an tionscal a uasghrádú, tá dóthain uirlisí beartais ar fáil*' ([78]).

(126) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(127) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

([70]) Féach: https://dsynews.com.cn/shipin/2023/03/31/17765.shtml (arna rochtain an 10 Meitheamh 2025).
([71]) Ibid.
([72]) Ibid.
([73]) Féach: https://gxt.fujian.gov.cn/jdhy/zxzcfg/sjzcfg/202107/t20210707_5641856.htm (arna rochtain an 12 Meitheamh 2025).
([74]) Féach Roinn III.2, le fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/fggz/fzzlgh/dffzgh/202106/P020210628416237004949.pdf (arna rochtain an 12 Meitheamh 2025).
([75]) Féach Plean Forbartha Heilongjiang don Tionscal próiseála arbhair (2021-2025), arna eisiúint Meitheamh 2021.
([76]) Ibid., Roinn III.1.
([77]) Féach: https://www.sohu.com/a/756699103_121769698 (arna rochtain an 12 Meitheamh 2025).
([78]) Féach: http://jilin.chinatax.gov.cn/art/2023/11/6/art_334_710476.html (arna rochtain an 12 Meitheamh 2025).

3.2.1.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(128) De réir na faisnéise atá ar chomhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach go sásúil amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an fo-fhorfheidhmiú córasach ina shaintréith den chóras Síneach.

(129) Tá an líon féimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, ní hamháin toisc go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, tá ról an stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([79]).

(130) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([80]). Is leis an stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach atá faoi úinéireacht an Stáit) agus tá leithdháileadh na talún fós ag brath ar an stát amháin. Is forálacha dlíthiúla iad sin a bhfuil d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ag praghsanna an mhargaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi rátaí an mhargaidh ([81]). Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ([82]).

(131) Dála earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin san earnáil ceimiceach, agus dá bhrí sin san earnáil gráin mhilis. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú reatha a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin.

(132) I bhfianaise an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

3.2.1.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá

(133) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiún bunriachtanach de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ('EIS'), go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus le cómhargáil ([83]).

(134) Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht ceardchumainn amháin gníomhach. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([84]). Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar riaracháin ar leith.

([79]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 171-179.
([80]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([81]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([82]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 252-254.
([83]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([84]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 366.

(135) Fágann sé sin oibrithe nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu iad féin i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad ioncam níos ísle ná na daoine a bhfuil an clárú cónaitheachta acu ([85]). Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais phá sa tSín.

(136) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an earnáil gráin mhilis faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar ar tugadh tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais phá téitear i gcion go díreach dá réir sin ar an earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.1.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile

(137) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir saobhadh éagsúil.

(138) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit i gcóras airgeadais na Síne ([86]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht stáit) ([87]) agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(139) Agus iad á dhéanamh sin, comhlíonann na bainc sainoibleagáid dhlíthiúil maidir lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([88]). Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtóra, tugtar le fios i bhformhór mór na fianaise, lena n-áirítear na torthaí a fuarthas in imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir leis na hionstraimí dlí éagsúla a chur i bhfeidhm.

(140) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne maoirseacht a dhéanamh ar chinntí na mbanc tráchtála príobháideach fiú agus nach mór do na cinntí sin a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is ceann de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta é ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnálacha na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([89]). Ní mór do chritéir mheastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála a chur san áireamh anois freisin go háirithe, an chaoi a '*bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfiorgheilleagar*', agus go háirithe ar an gcaoi a bhfreastalaíonn siad ar '*thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn*' ([90]).

([85]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 370-373.
([86]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([87]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 146-149.
([88]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 149.
([89]) Féach an *Plean gníomhaíochta 3 bliana chun feabhas a chur ar rialachas corparáideach na n-earnálacha baincéireachta agus árachais (2020-2022)* a d'eisigh Coimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('CBIRC') an 28 Lúnasa 2020; le fáil ag: http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024). Tugtar treoir sa Phlean '*an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*'. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*déanfaimid ceannaireacht an Pháirtí a chomhtháthú sa rialachas corparáideach ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta* [...] *Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach cinneadh maidir leo*'.
([90]) Féach an *Fógra maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála* a d'eisigh CBIRC an 15 Nollaig 2020, atá le fáil ag: http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 12 Meitheamh 2025).

(141) Mar shampla, shínigh Sunflower Food Industry Xinfeng Co. Ltd., faoi mhaoirseacht Oifig Airgeadais Bhardas Ganzhou, comhaontú comhair le fochuideachta Ganzhou de chuid Jiujiang Bank atá faoi úinéireacht stáit '*chun tacú leis an bhfiontar a scála gnó a leathnú, a sciar den mhargadh a mhéadú agus cabhrú le forbairt an fhiontair*' ([91]).

(142) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus neart aon ráthaíochta intuigthe ón rialtas ([92]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ([93]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin i bhfabhar iasachtaí a thabhairt d'fhiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh.

(143) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Mar thoradh air sin tá úsáid iomarcach á baint as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle ar an infheistíocht. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig le déanaí ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit in ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

(144) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach bíonn tionchar ag saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas orthu. Maidir le sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is ionann é agus aon trian ar a laghad de gach iasachtú ó dheireadh 2018 ([94]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr Páirtí Cumannach na Síne '*ráta úis an mhargaidh le haghaidh an iasachtaithe a thabhairt síos*' ([95]). Tarlaíonn praghsáil ró-íseal de thoradh rátaí úis a bheith níos ísle ná mar atá réasúnach, agus dá dheasca sin, baintear úsáid iomarcach as caipiteal.

(145) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeifí ag súil leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá bhrí sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(146) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleathan leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

(147) Níor tíolacadh aon fhianaise san imscrúdú seo lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

3.2.1.8. An nádúr sistéamach a bhaineann leis an saobhadh a thuairiscítear

(148) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil nuashonraithe ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil.

([91]) Féach: http://www.gzjrw.com.cn/Item/396372.aspx (arna rochtain an 12 Meitheamh 2025).
([92]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 157-158.
([93]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.
([94]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíochta ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, féach ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 12 Meitheamh 2025).
([95]) Féach: http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm(arna rochtain an 12 Meitheamh 2025).

(149) Mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go dtagann na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) faoi lé an tsaofa shistéamaigh chéanna arna lua roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas, go háirithe i roinn 3.2.1.1. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí gráin mhilis faoi réir na rialacha sin mar aon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(150) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil.

(151) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha rialtais a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(152) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

Barúlacha ginearálta

(153) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis an ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([96]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Fianaise ar shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(154) Mar a mhínítear in aithrisí (53) agus (54) thuas, d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an Mhalaeisia a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás reatha dá mba rud é go ndeimhneofaí gur ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

(155) Sa Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún an Cholóim, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an tSeirbia, an Téalainn agus an Tuirc mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad uile mar thíortha 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta, tíortha arbh eol gur táirgeadh an táirge faoi imscrúdú iontu.

([96]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(156) D'áitigh AETMD i gcás na Colóime, na Malaeisia, na Seirbia, na Téalainne nó na Tuirce gur luadh sa Chéad Nóta ón gCoimisiún nach raibh na sonraí uile a bhaineann le tosca táirgeachta agus díola ar fáil. Luaigh siad freisin go raibh praghsanna agus costais na dtosca táirgthe agus díola saofa. Dá bhrí sin, thacaigh siad le Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch.

(157) D'áitigh CFNA go raibh an Mhalaeisia ina tír ionadaíoch oiriúnach toisc go raibh sonraí ar fáil do chuideachta sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge lena mbaineann, i.e. táirgeadh agus díol táirgí bia pacáistithe lena n-áirítear bia stánaithe agus deochanna stánaithe. D'áitigh CFNA freisin gur cheart an Téalainn, an Cholóim agus an Tuirc a eisiamh sna tíortha ionadaíocha molta mar gheall ar chainníochtaí arda allmhairí gráin mhilis úra ón tSín. Ina theannta sin, luaigh CFNA gur cheart Meicsiceo a eisiamh toisc nár allmhairigh sé cainníochtaí móra cannaí.

Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

(158) Sa Chéad Nóta, chuir an Coimisiún in iúl, i gcás na dtíortha a shainaithnítear mar thíortha ina bhfuil an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh, i.e. an Cholóim, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an tSeirbia, an Téalainn agus an Tuirc, gur ghá infhaighteacht na sonraí a fhíorú a thuilleadh go háirithe maidir leis na sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca ó tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú.

(159) I gcás na Colóime, na Seirbia agus na Tuirce, níor sainaithníodh aon sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca.

(160) I gcás na Malaeisia, tugadh faoi deara go raibh sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca ag cuideachta amháin (Fraser and Neave Holdings BHD) lena gcumhdaítear tréimhse imscrúdúcháin iomlán.

(161) I gcás Mheicsiceo, tugadh faoi deara go raibh sonraí airgeadais le haghaidh 2023 ar fáil go héasca ag cuideachta amháin (Grupo Herdez).

(162) I gcás na Téalainne, tugadh faoi deara go raibh sonraí airgeadais ar fáil go héasca le haghaidh 2023 ag dhá chuideachta (Chin Huay PCL agus Sunsweet PCL).

(163) Fuarthas barúlacha maidir leis an gCéad Nóta ó CFNA agus AETMD.

(164) D'áitigh CFNA go raibh an Mhalaeisia ina tír ionadaíoch oiriúnach toisc go raibh sonraí ar fáil do chuideachta sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge lena mbaineann, i.e. táirgeadh agus díol táirgí bia pacáistithe lena n-áirítear bia stánaithe agus deochanna stánaithe.

(165) Ina Dara Nóta, d'aontaigh an Coimisiún le páirtithe leasmhara nár cheart an Cholóim, an tSeirbia ná an Tuirc a mheas a thuilleadh mar thír ionadaíoch, ag an gcéim shealadach, mar gheall ar an easpa sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca.

(166) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an Dara Nóta go raibh sé beartaithe aige an Mhalaeisia mar thír ionadaíoch iomchuí agus an chuideachta Fraser and Neave Holdings BHD a úsáid chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(167) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht na Malaeisia mar thír ionadaíoch agus ar Fraser agus Neave Holdings BHD mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch.

(168) D'áitigh Grúpa Tongfa in aghaidh úsáid a bhaint as an gcuideachta bheartaithe le haghaidh SGA agus sonraí brabúis (Fraser agus Neave Holdings BHD) toisc nach dtáirgeann sé an táirge faoi imscrúdú. Ina ionad sin, mhol Grúpa Tongfa táirgeoir gráin mhilis sa Téalainn. Thug an Coimisiún dá aire go raibh sé sin contrártha dá thuairimí ar an gCéad Nóta, agus ag an am sin mhol Grúpa Tongfa Fraser agus Neave Holdings BHD mar chuideachta oiriúnach sa tír ionadaíoch.

(169) Ní fhéadfadh an Coimisiún glacadh leis an maíomh sin óir diúltaíodh don Téalainn cheana féin mar thír ionadaíoch oiriúnach. Ina theannta sin, monaraíonn Fraser agus Neave Holdings BHD táirgí sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi imscrúdú, i.e. táirgí bia agus dí lena n-áirítear táirgí stánaithe.

(170) I gcás na Malaeisia, tugadh faoi deara gur ón tSín a tháinig breis agus 70 % d'allmhairí cannaí agus níos lú ná 15 % de ghrán milis úr ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

(171) I gcás Mheicsiceo, tugadh faoi deara nár taifeadadh aon allmhairí gráin mhilis úir in GTA. A mhéid a bhaineann le cannaí, tháinig níos lú ná 20 % díobh ón tSín.

(172) I gcás na Téalainne, tugadh faoi deara gur ón tSín a tháinig beagnach gach allmhaire de ghrán milis úr agus breis agus leath d'allmhairí cannaí.

(173) D'áitigh AETMD i gcás na Malaeisia agus na Téalainne gur luadh sa Chéad Nóta ón gCoimisiún nach raibh na sonraí uile a bhaineann le tosca táirgeachta agus díolacháin ar fáil. Luaigh siad freisin go ndearnadh praghsanna agus costais na dtosca táirgeachta agus díola a shaobhadh mar gheall ar thionchar allmhairí ón tSín. Dá bhrí sin, thacaigh siad le Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch.

(174) D'áitigh CFNA gur cheart an Téalainn, an Cholóim agus an Tuirc a eisiamh sna tíortha ionadaíocha molta mar gheall ar chainníochtaí arda allmhairí gráin mhilis úra ón tSín. Ina theannta sin, luaigh CFNA gur cheart Meicsiceo a eisiamh toisc nár allmhairigh sé cainníochtaí móra cannaí.

(175) Ina Dara Nóta, thug an Coimisiún dá aire nár cheart an Téalainn a mheas a thuilleadh mar thír ionadaíoch, ag an gcéim shealadach, mar gheall ar na cainníochtaí móra allmhairí gráin mhilis úir agus cannaí ón tSín arb ionann iad agus thart ar 75 % de chostas na monaraíochta.

(176) Luaigh an Coimisiún freisin nár cheart Meicsiceo a mheas a thuilleadh mar thír ionadaíoch mar gheall ar easpa allmhairí an phríomh-amhábhair (grán milis úr) isteach i Meicsiceo.

(177) Dúirt an Coimisiún freisin sa Dara Nóta nach raibh aon fhianaise ann go raibh tionchar ag praghsanna na n-allmhairí cannaí ón tSín isteach sa Mhalaeisia ar phraghsanna allmhairí eile. Ina theannta sin, ba ón tSín a tháinig níos lú ná 15 % d'allmhairí gráin mhilis úir.

(178) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an Dara Nóta go raibh sé beartaithe aige an Mhalaeisia a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(179) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht na Malaeisia mar thír ionadaíoch.

(180) Tar éis eisiúint an Dara Nóta, chuir AETMD sonraí ar fáil maidir le honnmhairí gráin mhilis úir ó SAM chuig Meicsiceo. D'áitigh sé, i bhfianaise na sonraí sin, gur cheart don Choimisiún Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch seachas an Mhalaeisia. Chuir CFNA frisnéis in iúl gur sonraí onnmhairiúcháin a bhí san fhaisnéis sin, rud a chiallaíonn go raibh gá le costais bhreise chun na praghsanna a thabhairt go dtí leibhéal dleacht-íoctha CIF Meicsiceo. Chuir CFNA in aghaidh luach na sonraí sin freisin toisc gur chuir sé in iúl go raibh na cainníochtaí a bhí i gceist teoranta agus, dá bhrí sin, nach raibh na praghsanna ionadaíoch.

(181) Thug an Coimisiún dá aire go raibh praghas na n-onnmhairí sin chomh hard sin nach raibh sé soiléir an ndearna toisc saofa difear do na praghsanna sin nó fiú an raibh an táirge a onnmhairíodh inchomparáide leis an táirge faoi imscrúdú.

(182) Chuir CFNA in iúl go raibh neamhréireacht sa Dara Nóta i ndáil le foinse na gcannaí atá le húsáid toisc go moltar sa Nóta Meicsiceo a úsáid mar fhoinse ach gurbh í an Mhalaeisia an tír ionadaíoch. Thoimhdigh CFNA go ndearnadh earráid. Glacadh leis an mbarúil sin toisc go raibh an tagairt do Mheicsiceo ina earráid go deimhin.

(183) Rinne CFNA pointe eile maidir le húsáid na Malaeisia mar fhoinse cannaí mar a mhol sé trí úsáid a bhaint as meánphraghas chóid 7310 21 91 agus 7310 21 99. Mar sin féin, diúltaíodh don bharúil sin, toisc go mbaineann cód 7310 21 91 le cannaí stánphláta agus baineann cód 7310 21 99 le cannaí eile seachas stánphláta. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gan ach cód 7310 21 91 a úsáid mar a léirítear i dTábla 1 thuas.

(184) Mhaígh CFNA agus Grúpa Tongfa freisin go raibh cainníocht allmhairí cannaí Mheicsiceo róbheag i ndearbhthéarmaí agus, dá bhrí sin, nach raibh a phraghas allmhairiúcháin ionadaíoch. Níor shonraigh na páirtithe sin, áfach, an cód dá dtagraíonn a mbarúil. Thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon allmhairiú cannaí isteach i Meicsiceo faoi chód 7310 21 91.

(185) Tar éis shaincheist an Dara Nóta agus athbhreithniú ar na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an Mhalaeisia fós ar an bhfoinse ab iomchuí chun costais neamhshaofa a shuí. Tharla sé sin den chuid is mó mar gheall ar infhaighteacht tagarmharcanna neamhshaofa do na príomhthosca táirgeachta (grán milis úr agus cannaí). Ina theannta sin, bhí easpa sonraí oiriúnacha neamhshaofa agus ionadaíocha fós ar fáil le haghaidh grán milis úr agus cannaí isteach i Meicsiceo.

Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(186) Tar éis a shuí gurb í an Mhalaeisia an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.2.1. Conclúid

(187) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Mhalaeisia na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(188) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(189) Ina dhiaidh sin, sa Dara Nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA chun an costas neamhshaofa a dhéanamh amach maidir le formhór na dtosca táirgeachta, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé staidreamh náisiúnta na Malaeisia chun costais neamhshaofa saothair ([97]) ([98]) ([99]) agus fuinnimh a shuí ([100]) ([101]).

(190) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin gur mar gheall ar an líon mór tosca táirgeachta a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus mar gheall ar a dhiomaibhsí atá cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, rinneadh na hítimí diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'tomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

([97]) http://www.dosm.gov.my/uploads/release-content/file_20241108110530.pdf.
([98]) https://www.rippling.com/country-hiring/malaysia-employees.
([99]) https://www.mida.gov.my/setting-up-content/human-resources-development-fund/
([100]) https://www.tnb.com.my/commercial-industrial/pricing-tariffs1.
([101]) https://www.st.gov.my/

3.2.3.1. Tosca táirgeachta

(191) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta an táirge faoi imscrúdú

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais
Amhábhair			
Grán Milis Úr	0709 99 10	1,68	Kg
Cannaí	7310 21 91	28,13	Kg
Tomhaltáin			
Saothar			
Saothar	Ní bhaineann le hábhar	39	Uaireanta an chloig oibrithe
Fuinneamh			
Gás nádúrtha	Ní bhaineann le hábhar	1,79	m^3
Leictreachas	Ní bhaineann le hábhar	0,548	kWh
Bithmhais	4401 39	3,65	Kg

(192) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, d'úsáid an Coimisiún na costais a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte mar chéatadán de chostais dhíreacha na monaraíochta. Mínítear an mhodheolaíocht go hiomchuí in aithris (202).

Amhábhair

(193) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([102]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i roinn 3.2.1 thuas nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

([102]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(194) I gcás roinnt tosca táirgeachta, b'ionann na costais iarbhír arna dtabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin mar a mhínítear in aithris (190).

(195) Cuireadh leis dleachtanna is infheidhme maidir le hallmhairiú na dtosca táirgeachta isteach sa Mhalaeisia i gcás inarb infheidhme.

(196) Chuir an Coimisiún céatadán leis na praghsanna allmhairithe chun iompar na dtosca nó an táirgthe ón teorainn chuig an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch a chumhdach chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Bhí an méid breise sin coibhéiseach le céatadán iarbhír na gcostas seachadta d'amhábhair gach táirgeora onnmhairiúcháin shampláilte. Mheas an Coimisiún, i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, go bhféadfaí an mhodheolaíocht sin a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

Saothar

(197) Foilsíonn Roinn Staidrimh na Malaeisia ([103]) faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha eacnamaíocha éagsúla sa Mhalaeisia. Léirítear ina thuarascálacha tuarastail mhíosúla agus pá in earnáil na monaraíochta. Rinneadh an meánluach míosúil sa tréimhse imscrúdúcháin a choigeartú go cuí le haghaidh ranníocaíochtaí eile trí ranníocaíochtaí ón gCiste Soláthair Fostaithe (EPF), (13 %), ranníocaíochtaí na hEagraíochta Slándála Sóisialta (SOCSO) (1.75 %), ranníocaíochtaí an Chórais Árachais Fostaíochta (EIS) (0.2 %) agus ranníocaíochtaí an Chiste Forbraíochta Acmhainní Daonna (HRDF) (1 %) ([104]) ([105]).

Leictreachas

(198) Bhain an Coimisiún úsáid as na staitisticí maidir le praghsanna leictreachais a d'fhoilsigh Tenaga Nasional Berhad ([106]). D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir leis na praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais 'Taraif E2 — Taraif Thionsclaíoch Voltais Mheánaigh/Taraife Seachbhuaice' le haghaidh buaic-úsáid in kWh, 0.355 RM in aghaidh kWh (0.548 CNY in aghaidh kWh).

Gás *nádúrtha*

(199) Foilsíonn Coimisiún Fuinnimh na Malaeisia (Suruhanjaya Tenaga) praghas an gháis nádúrtha d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Mhalaeisia ([107]). D'úsáid an Coimisiún na sonraí is déanaí a bhí ar fáil agus rinne sé iad a innéacsú le haghaidh boilsciú chun praghas na tréimhse imscrúdúcháin a léiriú

(200) Dá bhrí sin, d'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le meánphraghsanna gáis tionsclaíocha lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin, is é sin 1,79 CNY/m^3.

Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabús

(201) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'*. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(202) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(203) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh SGA agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais le haghaidh Fraser agus Neave Holdings BHD arna mbaint as Tuarascáil Bhliantúil 2024 (gan iompar a áireamh) lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin.

([103]) http://www.dosm.gov.my/uploads/release-content/file_20241108110530.pdf.
([104]) https://www.rippling.com/country-hiring/malaysia-employees.
([105]) https://www.mida.gov.my/setting-up-content/human-resources-development-fund/
([106]) https://www.tnb.com.my/commercial-industrial/pricing-tariffs1.
([107]) https://www.st.gov.my/

Ríomh

(204) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn *an phraghais díreach* ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(205) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca táirgeachta aonair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i roinn 3.2.3.

(206) A mhéid a bhaineann le Grúpa Sunflower, fuarthas leagan leasaithe de na rátaí tomhaltais in aghaidh an chineáil táirge le linn na cuairte fíorúcháin.

(207) A mhéid a bhaineann le Grúpa Tongfa, pléadh an modh a úsáideadh chun uaireanta saothair an chloig a chionroinnt ar an táirge faoi imscrúdú le linn na cuairte fíorúcháin. Míníodh gur tháirg Grúpa Tongfa roinnt mhór táirgí stánaithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin. An modh a úsáideadh chun rátaí tomhaltais a chionroinnt le haghaidh uaireanta saothair an chloig le haghaidh an táirgthe atá faoi imscrúdú i gcomparáid le táirgí eile, rinneadh agóid ina choinne ag an gcuairt fíorúcháin a thug an Coimisiún toisc nach raibh tacaíocht ag an modh a úsáideadh ach ó shonraí i scarbhileoga, agus níorbh córas infhíoraithe a bhí iontu sin toisc nárbh fhéidir iad a chros-seiceáil in aghaidh taifid cuideachtaí eile. Thairis sin, d'fhiosraigh an fhoireann cáis an fáth nár úsáid Grúpa Tongfa, le haghaidh saothair, an eochair leithdháilte chéanna a úsáidtear le haghaidh tosca táirgeachta eile (e.g. fuinneamh), arb é sin sciar mhéid an táirge faoi imscrúdú i méid tháirgeacht iomlán na cuideachta. Dá bhrí sin, d'eisigh an Coimisiún litir faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun Grúpa Tongfa a chur ar an eolas faoina thogra tomhaltas uaireanta saothair an chloig a bhunú ar na fíorais atá le fáil.

(208) D'fhreagair Grúpa Tongfa trína rá gur chomhoibrigh sé leis an imscrúdú chomh maith agus ab fhéidir leis i ndáil le saincheist an tsaothair agus gach gné den imscrúdú. Ba mhian léi go measfaí gur páirtí lán-chomhoibríoch í.

(209) Cé go measann an Coimisiún fós gur páirtí comhoibríoch é Tongfa san imscrúdú seo, áitíonn an Coimisiún gur cheart feidhm a bheith ag Airteagal 18 toisc nár sholáthair Tongfa an fhaisnéis ba ghá i ndáil leis na huaireanta saothair a ríomh. Dá réir sin, ba cheart uaireanta saothair a ríomh trí úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil. Dá bhrí sin, ag an gcéim seo, ríomhadh na huaireanta saothair an chloig a ídíodh trí úsáid a bhaint as cóimheas cionroinnte idir cainníocht táirgeachta an táirge faoi imscrúdú agus cainníochtaí táirgeachta iomlána na dtáirgí uile.

(210) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, na costais SGA, an brabús agus an dímheas i bhfeidhm mar a luaitear in aithris (203). Cinneadh iad ar bhonn ráitis airgeadais Fraser agus Neave Holdings BHD mar a mhínítear i roinn 3.2.2.

(211) Ansin, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta agus dímheas leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa chun teacht ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Mar a mhínítear in aithris (192), b'ionann sin san iomlán agus thart ar 6 % de chostais dhíreacha monaraíochta gach cuideachta shampláilte. Nochtadh ríomh na gcéatadán forchostais a úsáideadh do gach cuideachta shampláilte.

(212) Maidir leis na costais táirgthe a suíodh mar a thuairiscítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún costais SGA agus brabús Fraser agus Neave Holdings BHD i bhfeidhm. Ba é 17 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 19 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

(213) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn *an phraghais díreach* ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(214) A mhéid a bhaineann le Grúpa Sunflower, d'onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas nó trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe lasmuigh den Aontas.

(215) A mhéid a bhaineann le Grúpa Tongfa, dhíol an táirgeoir (Zhangzhou Tongfa Foods Industry Co., Ltd - dá ngairtear 'ZT' anseo feasta) an táirge lena mbaineann den chéad uair le trádálaí comhlachaithe (Fujian Tongfa Foods Group Co., Ltd — dá ngairtear 'FT' anseo feasta). Ansin dhíol FT leis an Aontas go díreach le custaiméirí neamhspleácha san Aontas nó trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe lasmuigh den Aontas.

(216) Ba é praghas onnmhairiúcháin an dá ghrúpa an praghas iarbhír a íocadh nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.4. **Comparáid**

(217) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal trádála céanna agus lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás i dtrácht, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála *díreach ón monarcha*. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal *díreach ón monarcha*; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.4.1. *Coigeartuithe arna ndéanamh ar an ngnáthluach*

(218) Mar a mhínítear in aithris (210), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála *díreach ón monarcha* trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA (gan iompar san áireamh) agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal *díreach ón monarcha*.

3.4.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(219) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála *díreach ón monarcha*, rinneadh coigeartuithe ar an gcuntas maidir le lasta intíre, láimhseáil luchtaithe agus costais choimhdeacha.

(220) Rinneadh lamháltais i leith na dtosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa, muirir bhainc agus pacáistiú.

(221) A mhéid a bhaineann le Grúpa Tongfa, ós rud é go ndearnadh díolacháin uile an Aontais trí thrádálaí comhlachaithe sa tSín (FT), rinneadh coigeartú ar an bpraghas onnmhairiúcháin chun costais SGA agus brabús an trádálaí ghaolmhair a chumhdach faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Nochtadh foinse agus leibhéal na rátaí sin don pháirtí lena mbaineann.

(222) A mhéid a bhaineann le Grúpa Sunflower, pléadh an modh a úsáideadh chun costais chreidmheasa a ríomh le linn an fhíorúcháin. D'úsáid an chuideachta rátaí úis chóras trádála malairte na Síne ([108]). Chuir an fhoireann cáis i dtábhacht le linn an fhíoraithe nach raibh na rátaí úis sin iomchuí toisc nárbh iad an ráta úis a ghearr bainc thráchtála ar iasachtaí tráchtála iad. Dá bhrí sin, d'iarr an fhoireann cáis ar an gcuideachta athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal an ráta úis chun na costais chreidmheasa a ríomh. Mar sin féin, níor sholáthair Grúpa Sunflower an fhaisnéis athbhreithnithe ba ghá i ndáil leis na rátaí úis.

(223) Dá bhrí sin, d'eisigh an Coimisiún litir faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun Grúpa Sunflower a chur ar an eolas faoina thogra na costais chreidmheasa a bhunú ar na fíorais atá le fáil.

(224) D'fhreagair Sunflower Grúpa trína rá gur bhain siad úsáid as na rátaí a bhí ar fáil dóibh ag an am agus, dá n-úsáidfeadh an Coimisiún rátaí malartacha, gur cheart go léireoidís sin go réasúnta an staid a bhaineann le hidirbhearta trádála idirnáisiúnta.

(225) D'áitigh an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart feidhm a bheith ag Airteagal 18 maidir le ríomh na gcostas creidmheasa, rud a chiallaíonn gur cheart na costais chreidmheasa a ríomh ag úsáid na bhfíoras atá ar fáil. Dá bhrí sin, ríomhadh costais chreidmheasa trí úsáid a bhaint as rátaí Bhanc na Síne. Léiríonn rátaí den sórt sin ar bhealach níos réasúnaí na rátaí is infheidhme maidir le hiasachtaí tráchtála.

([108]) Foinse - www.chinamoney.com.cn/.

(226) A mhéid a bhaineann le honnmhairí an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte chuig an Aontas, rinneadh ar bhonn SAB iad. Dá bhrí sin, pléadh an mhodheolaíocht a úsáideadh chun praghsanna CAL a ríomh, trí last-táillí muirí agus árachas a chur leis, le linn an fhíoraithe. Suíodh go ndearna an dá chuideachta gannmheastachán mór ar na rátaí last-táillí muirí sin. Dá bhrí sin, d'iarr an fhoireann cáis ar an gcuideachta athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na rátaí lasta chun na praghsanna CAL a ríomh. Mar sin féin, níor sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte aon fhaisnéis athbhreithnithe ba ghá maidir le rátaí last-táillí muirí, ná maidir leis na praghsanna CAL measta.

(227) Dá bhrí sin, d'eisigh an Coimisiún litir faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun an dá ghrúpa a chur ar an eolas faoina thogra chun na rátaí last-táillí muirí a bhunú ar na fíorais a bhí ar fáil toisc go raibh na sonraí a soláthraíodh bréagach nó míthreorach agus ó tharla, in aon chás, nár sholáthair an chuideachta an fhaisnéis ba ghá laistigh den teorainn ama a d'ordaigh an Coimisiún.

(228) D'fhreagair Grúpa Sunflower trína rá go bhfuair siad na rátaí a úsáideadh ó chustaiméir agus gur chumhdaigh sé tréimhse 15 lá i mí Iúil 2024. Dá bhrí sin, d'easaontaigh Grúpa Sunflower go raibh an fhaisnéis bréagach nó míthreorach. Mar sin féin, léirigh an t-imscrúdú gur luainigh na rátaí lasta le linn na tréimhse imscrúdúcháin go substaintiúil agus le linn na tréimhse 15 lá i mí Iúil 2024 go raibh na rátaí last-táillí muirí an-ard. Mheas an Coimisiún go raibh sé míchuí na rátaí last-táillí muirí sin a úsáid le haghaidh tréimhse iomlán an imscrúdaithe agus chinn sé go raibh sé míthreorach do Ghrúpa Sunflower faisnéis den sórt sin a chur isteach, agus é ag áitiú gur cheart na rátaí sin a chur i bhfeidhm ar an tréimhse imscrúdúcháin iomlán.

(229) Thug Grúpa Tongfa freagra ar litir Airteagal 18 trína rá gur chomhoibrigh sé chomh fada agus ab fhéidir leo agus nár mheas sé go raibh an fhaisnéis a chuir sé ar fáil bréagach nó míthreorach. Mar sin féin, léirigh an t-imscrúdú nach raibh na sonraí a soláthraíodh cruinn ach i gcás thart ar 70 % de dhíolacháin leis an Aontas de réir glanmheáchain. Chuir an Coimisiún in iúl le linn an imscrúdaithe nár cuireadh san áireamh sa chur chuige a glacadh dáta an loingsithe i gcás an 30 % eile de na díolacháin agus, dá bhrí sin, gur léir go raibh an cur chuige a glacadh maidir le díolacháin den sórt sin míchruinn. Dá bhrí sin, ba iomchuí na rátaí lasta a athríomh le haghaidh 30 % de dhíolacháin an Aontais.

(230) Mhol Grúpa Sunflower gur úsáid an Coimisiún na costais last-táillí muirí iarbhír arna dtabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin in imscrúduithe frithdhumpála eile. Mar sin féin, diúltaíodh don mhaíomh sin toisc gur bhain na rátaí last-táillí muirí a d'úsáid an Coimisiún leis an táirge lena mbaineann agus dá bhrí sin bhí siad níos cruinne.

(231) D'áitigh an Coimisiún, dá bhrí sin, maidir le ríomh na bpraghsanna CAL, gur cheart feidhm a bheith ag Airteagal 18, rud a chiallaíonn gur cheart rátaí last-táillí muirí a ríomh trí úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil. Ríomhadh rátaí last-táillí muirí den sórt sin trí úsáid a bhaint as meánfhaisnéis mhíosúil ceithre chustaiméir de chuid na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Measadh go raibh rátaí last-táillí muirí den sórt sin iomchuí toisc gur bhain siad le honnmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(232) Nochtadh na rátaí lena mbaineann do na táirgeoirí sampláilte.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(233) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(234) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	*Corrlach dumpála sealadach*
Grúpa Sunflower: — Sun Flower Food Industry (Xinfeng) Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín — Sunny Food Industry Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín	42,4 %

Cuideachta	*Corrlach dumpála sealadach*
Zhangzhou Tongfa Foods Industry Co., Ltd, Zhangzhou, an tSín	54,3 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	48,1 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	54,3 %

(235) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a bhfuil corrlaigh dhumpála nialasacha agus *de minimis* acu. Mar a mhínítear in aithrisí (40) go (42) thuas, chuir an Coimisiún Airteagal 18 i bhfeidhm maidir le líon teoranta saincheisteanna a bhaineann leis na sonraí a sholáthair gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus den chuid is mó rinne sé athbhreithniú ar shonraí na gcuideachtaí seachas sonraí eile a chur ina n-ionad. Ní raibh tionchar mór ag cur i bhfeidhm Airteagal 18 ar ríomh an ghnáthluacha. Ar an gcúis sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach dumpála a shuí le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha eile ar bhonn na gcorrlach dumpála a suíodh le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(236) Ar an mbonn sin, is é 48,1 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(237) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn Eurostat.

(238) Tá leibhéal an chomhair ard sa chás seo toisc gurbh ionann onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus os cionn 90 % d'iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Aonad tomhais**

(239) Tuairiscítear staitisticí allmhairiúcháin in Eurostat (Comext) mar an glanmheáchan, lena léirítear an meáchan a bhaineann leis na gráinní gráin mhilis agus leis an leacht. Dá dhroim sin, úsáidtear an glanmheáchan mar an t-aonad tomhais le linn an imscrúdaithe seo.

4.2. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(240) Rinne 11 tháirgeoir agus grúpa táirgeoirí san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(241) Suíodh gur thart ar 259 400 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail faisnéis dhíreach ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus ó tháirgeoirí de chuid an Aontais a thacaíonn leis an ngearán. Mar a léirítear in aithris (30), is ón 2 tháirgeoir shampláilte ón Aontas a tháinig níos mó ná [29 - 38]% de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(242) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais agus ar shonraí allmhairiúcháin ó Eurostat.

(243) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí/glanmheáchan)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais (tonaí/ glanmheáchan)	299 021	307 619	295 208	272 245
Innéacs	*100*	*103*	*99*	*91*

Foinse: Sonraí ó thionscal an Aontais agus ó Eurostat (Comext).

(244) Tháinig méadú 3 % ar thomhaltas iomlán an Aontais idir 2021 agus 2022 ó thart ar 299 020 tona in 2021 go dtí thart ar 327 620 tona in 2022. Idir 2022 agus 2023, tháinig laghdú 4 phointe céatadáin ar thomhaltas go dtí thart ar 295 208 tona. Go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú breise 8 bpointe céatadáin go 272 245 tona ar an tomhaltas.

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.4.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(245) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí de chuid Eurostat (Comext). Suíodh sciar margaidh na n-allmhairí ar bhonn na sonraí ó Eurostat a bhí ar fáil.

(246) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Cainníocht na n-allmhairí (tonaí/glanmheáchan) agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí/ glanmheáchan)	6 484	17 712	46 631	40 052
Innéacs	*100*	*273*	*719*	*618*
% sciar den mhargadh	2	6	16	15

Foinse: Sonraí ó thionscal an Aontais agus ó Eurostat (Comext)

(247) Léirigh méid na n-allmhairí ón tSín méadú mór le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur tháinig méadú 173 % ar na hallmhairí idir 2021 agus 2022 ó thart ar 6 500 tona go 17 710 tona, tháinig méadú 446 pointe céatadáin go 46 631 tona orthu idir 2022 agus 2023. Go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin, laghdaíodh na hallmhairí beagán go dtí thart ar 40 050 tona, agus d'fhan siad ar leibhéal an-mhór.

(248) Léirigh sciar margaidh na n-allmhairí ón tSín forbairt chomhchosúil le méid na n-allmhairí le méadú géar ó 2 % in 2021 go 15 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5. **Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais**

(249) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn EUR in aghaidh an tona (glanmheáchan) mar a thuairiscítear i staidreamh Eurostat (Comext). Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn phraghsanna CAL na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus na bhfreagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(250) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (tonaí/glanmheáchan)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánphraghas ón tír lena mbaineann	1 164	1 570	1 285	1 192
Innéacs	*100*	*135*	*110*	*102*

Foinse: Eurostat (Comext)

(251) Léirigh meánphraghas na n-allmhairí ón tSín méadú 35 % idir 2021 agus 2022 ó EUR 1 164 in aghaidh an tona go EUR 1 570 in aghaidh an tona. Mar sin féin, tháinig laghdú 25 phointe céatadáin ar na praghsanna sin in 2023. Ní raibh praghsanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach 2 % ní b'airde ná mar a bhí siad in 2021. Ar an iomlán, d'fhan praghsanna allmhairiúcháin i bhfad níos ísle i gcomparáid le praghsanna an Aontais mar a léirítear i dTábla 8.

(252) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir *an phraghais díreach* ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí onnmhairiúchán comhoibríocha sampláilte arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(253) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 7,2 % agus 28,6 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais.

(254) Na coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin mar a thuairiscítear i roinn 3.4.2 thuas, tá feidhm acu freisin maidir leis na praghsanna CAL a úsáidtear sna ríomhanna sladghearrtha.

(255) In aon chás, gan beann ar thorthaí an tsladghearrtha, shuigh an Coimisiún gur chuir na hallmhairí ón tSín praghsanna thionscal an Aontais faoi chois, go háirithe tríd an sásra tairisceana, mar a mhínítear thíos i roinn 4.6.4 agus go raibh siad ina gcúis le laghdú suntasach ar mhéid na ndíolachán agus ar an sciar den mhargadh atá ag táirgeoirí de chuid an Aontais.

4.6. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.6.1. *Barúlacha ginearálta*

(256) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(257) Mar a luaitear in aithris (30), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(258) Saintréith de mhargadh an ghráin mhilis is ea dhá bhealach díolacháin a bheith ann, i.e. díolacháin faoi fhéinbhranda an táirgeora agus díolacháin faoi bhranda an mhiondíoltóra. Ordaíonn díolacháin bhranda an mhiondíoltóra praghsanna díola níos ísle agus tá siad in iomaíocht le hallmhairí ón tSín agus tá siad faoi bhrú suntasach praghsanna agus ba ionann iad agus thart ar 70 % de na díolacháin san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus [35 - 55 %] i gcás táirgeoirí sampláilte an Aontais. Is iondúil go spreagfaidh díolacháin a bhaineann le táirgí féinbhranda costais díola níos airde atá beartaithe go háirithe don mhargaíocht agus don fhógraíocht agus spreagfaidh siad praghsanna díola níos airde freisin. Léiríonn an fhianaise a bhailigh an Coimisiún gur ann do bhrú praghsanna arna fheidhmiú ag na hallmhairí i ndáil leis an dara bealach díolacháin sin freisin. Go bunúsach, léirigh an fhianaise a bhailigh an Coimisiún gur ann don díobháil arb é an táirge lena mbaineann ina iomláine ba chúis léi, gan beann ar an mbealach díolacháin.

(259) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí sa fhreagra ar cheistneoir a chuir an gearánach isteach agus inar cumhdaíodh sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(260) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(261) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

4.6.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.6.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(262) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht táirgeachta (tonaí)	368 786	319 410	375 541	333 973
Innéacs	*100*	*87*	*102*	*91*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	436 428	449 694	463 575	471 406
Innéacs	*100*	*103*	*106*	*108*
Úsáid acmhainneachta (%)	85	71	81	71
Innéacs	*100*	*84*	*96*	*84*

Foinse: Macraicheistneoir fíoraithe.

(263) Tháinig laghdú 13 % ar an méid táirgeachta idir 2021 agus 2022 ó thart ar 368 790 tona go 319 410 tona. Is féidir an fhorbairt sin a nascadh le drochbhuaint an ghráin mhilis ar a dtugtar tuairisc in aithris (314), a raibh méideanna táirgeachta níos ísle mar thoradh uirthi. In 2023, tháinig méadú 15 phointe céatadáin ar an méid táirgeachta go thart ar 375 540 tona, rud a léiríonn téarnamh ón drochbhuaint san Aontas. Mar sin féin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú suntasach 11 phointe céatadáin ar chainníocht na táirgeachta arís go dtí thart ar 333 970 tona, i gcomhréir leis an méadú ar allmhairí ón tSín. Ar an iomlán, tháinig laghdú 9 % ar an méid táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(264) Léirigh acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais méadú seasta 8 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar infheistíochtaí a cinneadh roimh an méadú ar allmhairí na Síne. Idir 2021 agus 2022, tháinig méadú 3 % ar an acmhainneacht, agus ina dhiaidh sin tháinig méadú breise 3 phointe céatadáin in 2022 agus 2 phointe céatadáin breise le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(265) Lean an úsáid acmhainneachta an treocht i gcainníocht na táirgeachta. Idir 2021 agus 2022, tháinig laghdú air ó 85 % go 71 %, agus tháinig méadú suas le 81 % air ina dhiaidh sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thit úsáid acmhainneachta arís go 71 %.

4.6.2.2. Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(266) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar chainníocht na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid díolachán an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe (tonaí)	284 883	279 277	241 039	225 854
Innéacs	*100*	*98*	*85*	*79*
An sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais (%)	95	91	82	83
Innéacs	*100*	*96*	*86*	*88*

Foinse: Macraicheistneoir fíoraithe

(267) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú suntasach 21 % ar mhéid díolachán an Aontais. Idir 2021 agus 2022, tháinig laghdú 2 % ar mhéid na ndíolachán, ó thart ar 284 880 tona go dtí thart ar 279 280 tona. In 2023, tháinig laghdú suntasach 13 phointe céatadáin ar na díolacháin go dtí thart ar 241 040 tona. Le linn an imscrúdaithe, tháinig laghdú 6 phointe céatadáin breise ar na díolacháin go thart ar 225 850 tona.

(268) I dtéarmaí sciar den mhargadh, tháinig laghdú ar dhíolacháin an Aontais ó 95 % in 2021 go 91 % in 2022, rud a léiríonn laghdú 4 %. In 2023, tháinig laghdú suntasach ar an sciar den mhargadh go 82 %, laghdú 14 % i gcomparáid le 2021. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú beag 1 phointe céatadáin go 83 % ar an sciar den mhargadh.

(269) Is féidir an laghdú ar mhéid na ndíolachán in 2022 a nascadh leis an drochbhuaint a luaitear in aithris (314) agus leis an méid táirgeachta laghdaithe a thuairiscítear i dTábla 5. Mar sin féin, ba é dul i bhfód allmhairí na Síne ar an margadh ar phraghsanna a ghearr faoi thionscal an Aontais mar a léirítear in aithris (254) ba chúis leis an bpríomhlaghdú ar mhéid díolachán an Aontais in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin.

(270) Bhí tionchar ag na tosca céanna ar fhorbairt an sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí príomhchaillteanas an sciar den mhargadh in 2023 i gcomhthráth leis an sciar méadaithe den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín.

4.6.2.3. Fás

(271) Chaill tionscal an Aontais 12 phointe céatadáin den sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar na hallmhairí ón tSín. Tháinig laghdú suntasach 21 % ar na méideanna díolachán. Is féidir an príomhchaillteanas sa sciar den mhargadh a chur i leith na n-allmhairí ón tSín toisc gur tharla sé i gcomhthráth leis an méadú ar sciar na Síne den mhargadh, a mhéadaigh go suntasach ó 2 % go 15 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus a sháraigh an laghdú ar thomhaltas an Aontais ar tháinig laghdú 9 % air. Dá bhrí sin, ní raibh aon fhás ar thionscal an Aontais i dtéarmaí táirgeachta agus méideanna díolachán, d'ainneoin an mhéadaithe ar an acmhainneacht táirgeachta.

4.6.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(272) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	3 648	3 449	3 658	3 456
Innéacs	*100*	*95*	*100*	*95*
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	101	93	103	97
Innéacs	*100*	*92*	*102*	*96*

Foinse: Macraicheistneoir fíoraithe

(273) Tháinig laghdú 5 % ar fhostaíocht thionscal an Aontais ó thart ar 3 460 fostaí lánaimseartha ('FTEnna') in 2021 go 3 456 FTE le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Leanann an fhorbairt sin an treocht ó thaobh an mhéid táirgeachta a léirítear i dTábla 5, den chuid is mó.

(274) Ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir na figiúirí maidir le táirgeadh agus fostaíocht, tá táirgiúlacht i dtéarmaí tonaí in aghaidh an fhostaí i gcomhréir le treocht an mhéid táirgeachta a léirítear i dTábla 5.

4.6.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(275) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(276) Bhí grán milis faoi réir imscrúdú frithdhumpála roimhe seo. Forchuireadh bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí ón Téalainn in 2007 ([109]) agus cuireadh síneadh leo tar éis athbhreithnithe éaga in 2013 ([110]) agus 2019 ([111]). Tar éis fhorchur na mbeart, bhí tionscal an Aontais in ann a leibhéal brabúsachta agus a sciar den mhargadh a aisghabháil go páirteach ar a laghad.

([109]) Rialachán (CE) Uimh. 682/2007 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2007 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí ullmhaithe nó leasaithe áirithe gráin mhilis ina ghráinní de thionscnamh na Téalainne, IO L 159, 20.6.2007, lch. 14–25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/682/oj.

([110]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 875/2013 ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ullmhaithe nó leasaithe áirithe gráin mhilis ina ghráinní de thionscnamh na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009, *IO L 244, 13.9.2013, lgh. 1–18, ELI:* http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/875/oj.

([111]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gráin mhilis ullmhaithe nó leasaithe áirithe ina ghráinní de thionscnamh Ríocht na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, *IO L 310, 2.12.2019, lch. 6–28), ELI:* http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1996/oj.

4.6.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.6.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(277) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (EUR/tona)	[1 302 - 2 028]	[1 473 - 2 294]	[1 754 - 2 732]	[1 843 - 2 870]
Innéacs	*100*	*113*	*135*	*142*
Meánchostas aonaid chostas na n-earraí a dhíoltar (EUR/tona)	[1 146 - 1 784]	[1 323 - 2 059]	[1 590 - 2 476]	[1 655 - 2 577]
Innéacs	*100*	*115*	*139*	*144*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(278) Tháinig méadú 42 % ar an meánphraghas díola le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Idir 2021 agus 2022, tháinig méadú 13 % ar an meánphraghas díola ó [1 302 - 2 028] EUR/tona go [1 473 - 2 294] EUR/tona. In 2023, tháinig méadú 22 phointe céatadáin breise ar an meánphraghas díola go [1 754 - 2 732] EUR/tona. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú breise 7 bpointe céatadáin ar an meánphraghas díola go [1 843 - 2 870] EUR/tona.

(279) Ba cheart an treocht dhearfach dhealraitheach sin i meánphraghsanna díola a fheiceáil i gcomhthéacs an mhéadaithe thábhachtaigh ar chostais, go háirithe costas amhábhar a bhaineann le grán milis, cannaí, agus fuinneamh. D'ainneoin na méaduithe ar phraghsanna díola, ní raibh táirgeoirí sampláilte an Aontais in ann praghsanna a mhéadú ar leibhéil leordhóthanacha, i gcomhréir go hiomlán leis na méaduithe ar chostais.

(280) Tháinig méadú 15 % ar mheánchostas aonaid na n-earraí a díoladh idir 2021 agus 2022 ó [1 146 - 1 784] EUR/tona go [1 323 - 2 059] EUR/tona. In 2023, mhéadaigh an costas arís go [1 590 - 2 476] EUR/tona, arb ionann é agus méadú breise 24 phointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 5 phointe céatadáin go [1 655 - 2 577] EUR/tona ar an meánchostas aonaid in aghaidh an tona. Dá thoradh sin, d'fhan na meánphraghsanna allmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú a thuairiscítear in aithris (251) i gcónaí faoi bhun mheánchostas aonaid chostas na n-earraí a díoladh.

4.6.3.2. Costais saothair

(281) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[29 702 - 46 250]	[34 296 - 53 404]	[30 203 - 47 030]	[33 281 - 51 823]
Innéacs	*100*	*115*	*102*	*112*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(282) Tháinig méadú 15 % ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí in 2022, agus tháinig laghdú 13 % orthu ina dhiaidh sin in 2023. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 12 % arís ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí. Bhí an méadú ar na meánchostais saothair nasctha le méaduithe ar phá íosta i ngeall ar bhoilsciú.

4.6.3.3. Fardail

(283) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Stoic

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	[72 917 - 113 542]	[70 300- 109 467]	[89 648- 139 596]	[112 712- 175 509]
Innéacs	*100*	*96*	*123*	*155*
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht	[143 - 222]	[150 - 234]	[274 - 427]	[355 - 553]
Innéacs	*100*	*105*	*192*	*249*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(284) Idir 2021 agus 2022, tháinig laghdú 4 % ar stoc deiridh tháirgeoirí sampláilte an Aontais ó [72 917 - 113 542] go [70 300 - 109 467] tona. Mar sin féin, in 2023, tháinig méadú mór 27 bpointe céatadáin ar an stoc deiridh [89 648 - 139 596] tona, agus tháinig méadú breise 32 phointe céatadáin breise air i gcomparáid le 2021 [112 712 - 175 509] tona.

(285) Is féidir leibhéal laghdaithe stoic 2022 a nascadh leis an drochbhuaint san Aontas. Cé gur féidir leibhéal méadaithe na stoc a nascadh le héifeacht shéasúrach ag deireadh na bliana féilire, bhí éifeacht shoiléir ag an mborradh mór ar fhardail in 2023 agus ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme ar an méadú ar allmhairí dumpáilte ón tSín, rud a thug le fios nach raibh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann a dtáirgí a dhíol.

4.6.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(286) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[8 - 13]	[7 - 11]	[7 - 10]	[7 - 11]
Innéacs	*100*	*85*	*78*	*85*
Sreabhadh airgid (EUR)	[8 548 316- 13 310 950]	[- 7 179 488- - 11 179 489]	[- 26 396 595- - 41 103 270]	[- 299 781- - 466 801]
Innéacs	*100*	*- 84*	*- 309*	*- 4*
Glan-infheistíochtaí (EUR)	[5 084 019- 7 916 544]	[9 363 438- 14 580 211]	[14 746 664- 22 962 663]	[12 310 955- 19 169 915]
Innéacs	*100*	*184*	*290*	*242*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	[17 - 27]	[15 - 23]	[14 - 21]	[13 - 20]
Innéacs	*100*	*88*	*79*	*76*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(287) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(288) Tháinig laghdú 15 % ar an mbrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(289) D'ainneoin go raibh sé fós brabúsach, d'fhan tionscal an Aontais faoi bhun an spriocbhrabúis 14 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba cheart an treocht maidir le brabúsacht a mheas i bhfianaise an laghdaithe shuntasaigh ar mhéideanna díolachán, na táirgeachta laghdaithe, na húsáide acmhainneachta, agus na fostaíochta, chomh maith leis an méadú suntasach ar leibhéil stoic agus éifeacht mhoillithe na dtairiscintí agus fad bliantúil na gconarthaí. Go bunúsach, bhí tionscal an Aontais in ann leibhéal dearfach brabúsachta a choinneáil ar bun ach bhí a mhéideanna díolachán thíos leis.

(290) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Idir 2021 agus 2022, tháinig laghdú mór 184 % ar an sreabhadh airgid. In 2023, tháinig laghdú 225 phointe céatadáin eile ar an sreabhadh airgid. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig an sreabhadh airgid ar ais chuig an leibhéal céanna nach mór agus a bhí in 2021.

(291) Lean táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais orthu ag déanamh infheistíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a léirítear sna figiúirí infheistíochta thuas. Tháinig méadú 84 % ar infheistíochtaí ó EUR [5 084 019 - 7 916 544] in 2021 go EUR [9 363 438 - 14 580 211] in 2022. In 2023, tháinig méadú 96 % ar infheistíochtaí go EUR [14 746 664 - 22 962 663]. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 38 % ar infheistíochtaí go EUR [12 310 955 - 19 169 915]. Rinneadh infheistíochtaí chun an acmhainneacht táirgeachta a leathnú mar a thuairiscítear i dTábla 5 agus chun trealamh a athsholáthar. Ar an iomlán, tá an tionscal an-dian ar chaipiteal agus tá gá le hinfheistíochtaí móra i saoráidí táirgthe. Bhí tionscal an Aontais in ann an caipiteal ba ghá a thiomsú. Mar sin féin, i gcás nach bhforchuirfear aon bheart, ní hamháin go mbeidh infheistíochtaí amach anseo i mbaol ach beidh todhchaí na bpleananna táirgthe atá ann cheana i mbaol freisin.

(292) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Idir 2021 agus 2022, tháinig laghdú 12 % air ó [17-27] % go [15-23] %. In 2023, tháinig laghdú breise 9 % ar an toradh ar infheistíocht go [14 - 21]. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú breise 3 % go [13 - 20] % ar an toradh ar infheistíocht.

4.6.4. *Anailís ar thairiscintí*

(293) Ba tháirgí branda miondíoltóra a bhí in thart ar 70 % de dhíolacháin iomlána gráin mhilis san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus thart ar [35 - 55]% de dhíolacháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Díoltar grán milis uile an bhranda miondíoltóra san Aontas trí phróisis tairisceana. Le linn phróiseas na ndíolachán tairisceana, bíonn táirgeoirí de chuid an Aontais in iomaíocht go hindíreach le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a dhíolann a dtáirgí trí allmhaireoirí. Chun na léargais is gá a fháil ar an margadh gráin mhilis, d'iarr an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe ar thairiscintí ó tháirgeoirí agus allmhaireoirí sampláilte de chuid an Aontais. Iarradh faisnéis faoi shaintréithe na dtairiscintí, amhail próiseas, uainiú agus saintréith ábhartha eile.

(294) Léiríodh san imscrúdú gur féidir tairiscintí a eagrú i bhfoirmeacha éagsúla, amhail ardáin ar líne nó trí ríomhphost, teileafón, nó cumarsáid ar an láthair, ag brath ar shamhail ghnó agus díolacháin na bpáirtithe caibidlíochta. Bíonn caibidlíocht tairisceana ar siúl idir mí na Bealtaine agus mí Lúnasa i mbliain ar leith maidir le díolacháin lena gcumhdaítear an bhliain tar éis na caibidlíochta.

(295) Tarlaíonn an próiseas tairisceana i gcéimeanna éagsúla. Ar an gcéad dul síos, iarrann táirgeoirí ghráin mhilis an Aontais faisnéis ar mhiondíoltóirí faoin ngá atá acu le táirgí féinbhranda agus miondíola. Freagraíonn miondíoltóirí leis an méid a theastaíonn uathu. Féadfaidh miondíoltóir plé ar thairiscintí a thionscnamh freisin trí shonraí a iarraidh maidir leis na méideanna atá ar fáil is féidir le táirgeoirí a dhíol le miondíoltóirí. Is iondúil go dtionscnaíonn miondíoltóirí plé le táirgeoirí iomadúla ag an am céanna, lena n-áirítear táirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí nach táirgeoirí de chuid an Aontais iad. Sa dara céim, freagraíonn táirgeoirí gráin mhilis d'iarraidh an mhiondíoltóra le tairiscintí méideanna agus praghsanna comhfhreagracha. Ar an tríú dul síos, téann an miondíoltóir agus táirgeoirí gráin mhilis an Aontais nó allmhaireoirí an Aontais i mbun caibidlíochta, ag díriú de ghnáth ar phraghas an ghráin mhilis. I gcás grán milis féinbhranda, déanann miondíoltóirí caibidlíocht i gcoitinne maidir leis an bpraghas, agus ní maidir leis an méid. Ar an gceathrú dul síos, déanann an miondíoltóir cinneadh maidir leis an leithdháileadh méideanna i measc táirgeoirí agus soláthróirí éagsúla gráin mhilis, agus tugann na páirtithe an comhaontú díolacháin i gcrích don bhliain atá le teacht. Ar an gcúigiú dul síos, a luaithe a bheidh an chaibidlíocht tugtha chun críche, soláthraíonn táirgeoirí gráin mhilis de chuid an Aontais agus táirgeoirí nach táirgeoirí de chuid an Aontais iad an méid a comhaontaíodh le linn na tréimhse idir mí Mheán Fómhair agus mí Lúnasa ar phraghsanna caibidlithe.

(296) Bíonn tionchar ag allmhairí ón tSín ar an gcaibidlíocht tairisceana toisc go gcuireann siad bac ar an gcumas praghsanna cothroma a chaibidliú agus gur laghdaigh siad an líon tairiscintí a buadh. Mar thoradh air sin, b'éigean méideanna táirgeachta tháirgeoirí de chuid an Aontais a laghdú, tá an tionscal faoi réir costais sheasta arda nár tháinig aon athrú orthu agus, dá bhrí sin, tháinig méadú ar na costais sheasta in aghaidh an aonaid. Bhí tionchar indíreach ag allmhairí ón tSín ar dhíolacháin táirgí féinbhranda freisin, ós rud é gur gnách go mbíonn tomhaltóirí íogair ó thaobh praghais de agus gur fearr leo táirge branda miondíoltóra níos saoire a cheannach má tá an bhearna praghsanna le táirgí féinbhranda mór. Deimhníodh freisin leis an bhfaisnéis a chuir táirgeoir an Aontais isteach gur tháinig laghdú mór ar chóimheas na dtairiscintí a bhuaigh an táirgeoir sin.

(297) I bhfianaise chineál na dtairiscintí agus thimthriall táirgthe agus díolacháin gráin mhilis, ní mór éifeacht mhoillithe na n-allmhairí a chur san áireamh freisin. Agus é á chur san áireamh go ndéantar tairiscintí a chaibidliú don bhliain dár gcionn, ag tosú ó mhí Mheán Fómhair, ní bheidh éifeacht ag an éifeacht ar mhéideanna agus ar phraghsanna díola go dtí an bhliain dár gcionn. Dá bhrí sin, níl éifeacht an bhrú praghsanna a chuir praghsanna na Síne i bhfeidhm le linn na tréimhse imscrúdúcháin fós le feiceáil go hiomlán toisc go dtiocfaidh siad chun cinn tar éis na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a thuairiscítear in aithris (289), mhéadaigh leibhéil stoic go mór agus ba iad na méideanna díolachán a bhí siar leis.

4.7. **Conclúid maidir le díobháil**

(298) Tháinig meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais i margadh ina raibh laghdú beag ar an éileamh. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 9 % ar an tomhaltas, ach tháinig laghdú níos mó ar sciar mhargadh thionscal an Aontais, ó 95 % in 2021 go 83 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí sé sin nasctha leis an mbrú praghsanna a ghin allmhairí ón tSín, le sladghearradh mór praghsanna agus, in aon chás, le brú ar phraghsanna ag cur san áireamh gur fhan allmhairí ón tSín faoi bhun mheánchostais aonaid chostais na n-earraí a díoladh i gcónaí. Chuir an brú sin ar phraghsanna cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna díola a choigeartú go hiomlán i gcomhréir leis na méaduithe ar phraghsanna a bhaineann le hamhábhair, rud a d'fhág go raibh brabús laghdaitheach ann a d'fhan i gcónaí faoi bhun an spriocbhrabúis le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar aon le laghdú mór ar an méid díolachán.

(299) Cé gur léirigh an fhorbairt ar phraghsanna díola treocht dhearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú le méadú 42 %, bhí sé sin nasctha leis an méadú mór ar phraghsanna na bpríomh-amhábhar. Mar sin féin, leis na méaduithe ar phraghsanna díola, níorbh fhéidir na méaduithe ar phraghsanna amhábhar a chumhdach go hiomlán, méaduithe a léiríodh sa mhéadú 44 % ar mheánchostas aonaid chostais na n-earraí a díoladh agus a raibh titim 21 % ar na cainníochtaí díolacháin mar thoradh air.

(300) Léirigh formhór na dtáscairí treocht dhiúltach, le brabús laghdaithe 21 % agus laghdú -104 % ar shreabhadh airgid. Tháinig laghdú mór ar dhíolacháin agus ar mhéideanna táirgeachta, chomh maith le húsáid acmhainneachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léirigh díobháil ó thaobh méide de. Bhí tionchar ag allmhairí ón tSín ar stoic dheiridh d'earraí críochnaithe agus tháinig méadú mór orthu, rud a raibh tionchar diúltach aige freisin ar shreabhadh airgid agus a mhéadaigh go mór costais sheasta. D'fhan praghsanna allmhairí ón tSín faoi bhun meánphraghsanna díolachán agus meánchostais aonaid chostais na n-earraí a díoladh de leibhéal thionscal an Aontais i gcónaí. Le forbairt na bpraghsanna allmhairiúcháin ón tSín i bhfianaise na gcainníochtaí méadaitheacha agus na dtáscairí díobhála diúltacha, léiríodh brú ar phraghsanna go soiléir.

(301) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'éirigh le tionscal an Aontais infheistíochtaí a dhéanamh chun acmhainneachtaí táirgeachta a leathnú. Cé go ndearnadh na cinntí chun na hinfheistíochtaí sin a dhéanamh sular tháinig méadú ar allmhairí ón tSín, d'fhéadfadh infheistíochtaí amach anseo a bheith i mbaol i gcás nach bhforchuirfear aon bheart.

(302) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. **CÚISÍOCHT**

(303) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca aitheanta sin: allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin, laghdú ar thomhaltas agus tosca eile, lena n-áirítear an drochbhuaint gráin mhilis in 2022 san Aontas, tuilte sa Téalainn, agus tionchar chogadh na hÚcráine ar chostais amhábhar agus fuinnimh.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(304) Mar a thaispeántar i dTábla 3, tháinig méadú mór ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón tSín, ó thart ar 6 480 tona in 2021 go 40 050 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I dtéarmaí an sciar den mhargadh, tháinig méadú ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín ó 2 % in 2021 go 15 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(305) Bhí meánphraghas na n-allmhairí ón tSín go mór faoi bhun mheánphraghas agus mheánchostas aonaid chostas na n-earraí a díoladh de thionscal an Aontais i gcónaí. Idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú mór 33 % ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin ón tSín, agus deimhníodh sladghearradh in aithris (253).

(306) Tharla na barúlacha sin i gcomhthráth le laghdú 12 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 95 % in 2021 go 83 %. Bhí an laghdú sin níos mó ná an laghdú 9 % ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(307) Léirigh allmhairí ón tSín éifeacht dhiúltach shuntasach ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais, ar tháinig laghdú mór orthu in 2023, agus sa tréimhse imscrúdúcháin mar a thuairiscítear in aithris (266). Tháinig laghdú 9 bpointe céatadáin ar an méid táirgeachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin. An tráth céanna, tháinig laghdú mór ar chóimheas thionscal an Aontais de thairiscintí rathúla, agus tháinig méadú mór ar na stoic (i ndearbhthéarmaí, agus freisin i dtéarmaí táirgthe agus díolacháin araon). Is féidir na treochtaí sin, go háirithe maidir le méideanna díolachán agus sciartha den mhargadh, a nascadh le méid díobhála arb iad allmhairí na Síne ba chúis léi.

(308) Mar a mhínítear in aithris (255), bhí allmhairí ón tSín ina gcúis le brú ar phraghsanna do thionscal an Aontais in 2023. D'fhág brú ar phraghsanna den sórt sin, cé gur tháinig méadú níos mó ná 30 % ar chostas aonaid táirgeoirí de chuid an Aontais in 2022 agus 13 % breise in 2023 mar gheall ar chostais mhéadaithe amhábhar agus fuinnimh, nach raibh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann a bpraghsanna díola a choigeartú go hiomlán i gcomhréir leis an méadú ar phraghsanna a bhaineann le hamhábhair. Mar thoradh ar an sochtadh praghsanna sin, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé go raibh an brabús fós dearfach, d'fhan sé faoi bhun an spriocbhrabúis le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Maidir leis an gcomhtharlú ama idir meathlú staid eacnamaíoch thionscal an Aontais agus méid mór na n-allmhairí dumpáilte ón tSín, a bhí ag gearradh faoi phraghsanna thionscal an Aontais, agus a bhí ag sochtadh leibhéal na bpraghsanna i margadh an Aontais, deimhníonn sé go bhfuil nasc cúisíoch ann idir an dá rud.

(309) Bunaithe ar an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna allmhairí dumpáilte ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(310) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar chainníocht na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
an Téalainn	Méid (tonaí)	4 345	4 863	3 293	3 638
	Innéacs	*100*	*112*	*76*	*84*
	An sciar den mhargadh (%)	1,4	1,5	1,1	1,3
	Meánphraghas (EUR/ tona)	1 115	1 392	1 186	1 264
	Innéacs	*100*	*125*	*106*	*113*

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (tonaí)	7 654	10 630	7 538	6 339
	Innéacs	*100*	*139*	*98*	*83*
	An sciar den mhargadh (%)	2,4	3,2	2,4	2,2
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 206	1 952	1 874	1 498
	Innéacs	*100*	*162*	*155*	*124*

Foinse: Eurostat (Comext)

(311) Tá allmhairí ón Téalainn faoi réir bearta frithdhumpála mar a luaitear in aithris (276). Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú beag ar leibhéal na n-allmhairí ó 4 345 thona in 2021 go 3 640 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá réir sin, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh ó 1,4 % go 1,3 % agus d'fhan sé ag leibhéal íseal ar an iomlán. Cé go raibh leibhéil praghsanna na n-allmhairí ón Téalainn faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, ní fhéadfadh allmhairí ón Téalainn aon sciar breise den mhargadh a ghnóthú. Dá bhrí sin, measadh go raibh an tionchar teoranta, mura diomaibhseach é, agus dá bhrí sin tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(312) Mheas an Coimisiún go raibh allmhairí ó thríú tíortha eile ar leibhéil an-íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh le haghaidh gach tríú tír eile ó 2,4 % in 2021 go 2,2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'fhan an meánleibhéal praghsanna faoi bhun leibhéal praghsanna thionscal an Aontais, cé gur tháinig méadú 24 % orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé nárbh fhéidir leis an gCoimisiún a chur as an áireamh gur chuir na hallmhairí sin le díobháil thionscal an Aontais, mar gheall ar a méid íseal cobhsaí, measadh go raibh an tionchar teoranta, agus tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.2. *Táirgeacht íseal gráin mhilis san Aontas in 2022*

(313) Ina mbarúlacha maidir leis an imscrúdú, mheas CFNA agus an t-allmhaireoir neamhchomhlachaithe Otto Frank gur chuir táirgeacht íseal barr gráin mhilis an Aontais in 2022 mar gheall ar thriomaigh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(314) Mheas Otto Frank gurbh é táirgeacht barr íseal gráin mhilis an Aontais in 2022 arbh iad triomaigh fhorleathana ba chúis léi an phríomhthoisc a chuir le díobháil thionscal an Aontais. Mar thoradh ar an drochbhuaint sin, mhínigh an t-allmhaireoir gur tháinig laghdú 28,9 % ar tháirgeadh arbhair Indiaigh an Aontais, lena n-áirítear grán milis, in 2022 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus 24,3 % faoi bhun an mheáin 5 bliana ([112]). Dá dheasca sin, bhí praghsanna amhábhar faoi réir méaduithe géara ar phraghsanna ([113]). Mheas Otto Frank, tar éis meastacháin mhéadaithe ar phraghsanna agus rioscaí maidir le soláthairtí neamh-leordhóthanach ó thionscal an Aontais, gur chinn roinnt miondíoltóirí de chuid an Aontais a straitéis soláthair a athrú trí ghrán milis a cheannach ón tSín seachas ó tháirgeoirí de chuid an Aontais. Mhaígh an t-allmhaireoir go mbeidh tionchar ag bliain barr íseal ar an mbliain táirgthe dár gcionn freisin, ós rud é go gcaithfidh táirgeoirí fónamh do chonarthaí ón séasúr roimhe sin gan aon bharrachas fágtha. Mar thoradh air sin, bhí drogall ar mhiondíoltóirí athrú ar ais go dtí an soláthar ó tháirgeoirí de chuid an Aontais nuair a cuireadh clabhsúr le conarthaí le haghaidh 2023 agus 2024 mar gheall ar éiginnteacht faoi tháirgeacht barr 2023, praghsanna arda leanúnacha amhábhar agus soláthar roimhe sin ón tSín a chuir cosc ar ghanntanas soláthair. Mar sin féin, tar éis laghdú ar phraghsanna amhábhar i dtreo dheireadh 2023 agus téarnamh na táirgeachta barr in 2023 agus 2024, mheas an t-allmhaireoir gur cheannaigh custaiméirí grán milis arís a táirgeadh san Aontas agus mheas an t-allmhaireoir gur athrú sealadach é an méadú ar allmhairí ón tSín.

(315) Mhaígh CFNA go raibh an t-athrú tobann ar allmhairí ón tSín in 2022 mar gheall ar ordú mór a rinne Lidl, arb ionann é agus thart ar 60 % de na honnmhairí iomlána ón tSín.

(316) Thug an Coimisiún dá aire nár shonraigh CFNA an maíomh sin a thuilleadh ná nár sholáthair sé aon fhianaise thacaíochta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don bharúil sin.

(317) Léirigh an anailís ar an méid táirgeachta in aithris (262) gur tháinig laghdú ar mhéid táirgeachta tháirgeoirí sampláilte an Aontais le haghaidh 2022. Mar sin féin, an bhliain dár gcionn, tháinig an méid táirgeachta ar ais chuige féin chuig gnáthleibhéal, agus lean allmhairí ón tSín de bheith ag teacht isteach san Aontas ar phraghsanna dumpáilte. Cé nach féidir a chur as an áireamh gur chuir an táirgeacht íseal gráin mhilis le díobháil thionscal an Aontais, ós rud é nach raibh sé teoranta ach do 1 bhliain amháin den tréimhse faoi bhreathnú, measadh nár mhaolaigh sé an nasc cúisíoch a mhéid a d'fhágfadh nach fíor é nó nach raibh sé substaintiúil.

5.2.3. *Tuilte sa Téalainn*

(318) Mhaígh CFNA gur chúis díobhála eile é ganntanas soláthair arbh iad tuilte sa Téalainn ba chúis leis.

(319) Thug an Coimisiún dá aire nár shonraigh CFNA an maíomh sin a thuilleadh ná nár sholáthair sé aon fhianaise thacaíochta bhreise.

(320) Cé gur tharla tuilte tromchúiseacha sa Téalainn in 2022 a raibh tionchar diúltach acu ar earnáil na talmhaíochta agus ar tháirgeadh ríse go háirithe ([114]), léirigh na staitisticí allmhairiúcháin a thuairiscítear i dTábla 12 leibhéal na n-allmhairí gráin mhilis de thionscnamh tríú tíortha, nach raibh tionchar diúltach ar leibhéal na n-allmhairí gráin mhilis ón Téalainn. Os a choinne sin, tháinig méadú ar na hallmhairí ón Téalainn idir 2021 agus 2022 ó 4 345 thona go 4 863 thona, arb ionann é agus méadú 12 %. Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún gur cúis díobhála do thionscal an Aontais iad na tuilte sa Téalainn.

5.2.4. *Laghdú ar thomhaltas*

(321) Mar a thuairiscítear in aithris (243), tháinig méadú 3 % ar thomhaltas an Aontais idir 2021 agus 2022, agus tháinig laghdú mór 9 % air ina dhiaidh sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2021. An tráth céanna, tháinig méadú mór ar allmhairí ón tSín ó 6 % in 2022 go 16 % in 2023, agus tháinig laghdú ar sciar mhargadh thionscal an Aontais ó 91 % go 82 %.

([112]) https://agriculture.ec.europa.eu/system/files/2023-03/cmo-16-3-2023-summary_en.pdf.

([113]) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=File:F4_Developments_of_output_price_indices_for_cereals_(2015_%3D_100,_EU,_2015-2023).png.

([114]) https://www.world-grain.com/articles/17685-thailands-rice-crop-hurt-by-flooding.

(322) Cé go bhféadfadh sé gur chuir an meath ar thomhaltas le laghdú ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin i ngeall ar an éileamh laghdaithe, thug an Coimisiún faoi deara gur tharla an laghdú ar sciar den mhargadh thionscal an Aontais i gcomhthráth leis an sciar den mhargadh a ghnóthaigh onnmhairí ón tSín. Dá bhrí sin, dar leis an gCoimisiún, níor mhaolaigh an laghdú ar thomhaltas an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a mhéid nach fíor é nó nach raibh sé substaintiúil.

5.2.5. *Costais amhábhair agus fuinnimh*

(323) Mheas CFNA go bhféadfadh sé gur chuir an cogadh san Úcráin dúshláin ar fáil do tháirgeoirí de chuid an Aontais i bhfoirm costais fuinnimh mhéadaithe agus dúshláin maidir le slándáil an tsoláthair.

(324) Mar a luaitear in aithris (280), tháinig méadú níos mó ná 30 % ar mheánchostas aonaid chostas na n-earraí a díoladh in 2022 agus méadú 5 % breise in 2023, arna spreagadh go príomha ag méaduithe ar phraghsanna na bpríomh-amhábhar amhail fuinneamh, cannaí, agus gráin mhilis. Mar sin féin, mar gheall ar bhrú praghsanna allmhairí ó tSín, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar a chostais agus leanúint de bheith inmharthana.

(325) Cé nárbh fhéidir a chur as an áireamh gur chuir na méaduithe ar phraghsanna amhábhar le díobháil thionscal an Aontais, mheas an Coimisiún nár mhaolaigh sé an nasc cúisíoch a mhéid nach fíor é nó nach raibh sé substaintiúil.

5.3. **Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais**

(326) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin táirgeoirí sampláilte an Aontais

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	[51 698 - 80 502]	[46 673 - 72 677]	[36 129 - 56 260]	[35 794 - 55 738]
Innéacs	*100*	*90*	*70*	*69*
Meánphraghas (EUR/tona)	[1 285 - 2 003]	[1 466 - 2 285]	[1 671 - 2 603]	[1 786 - 2 782]
Innéacs	*100*	*114*	*130*	*139*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(327) Tháinig laghdú 31 % ar mhéid onnmhairiúcháin an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 39 % ar phraghsanna díola na n-onnmhairí sin le linn na tréimhse céanna.

(328) Agus é á chur san áireamh nach bhfuil sna méideanna onnmhairiúcháin ach thart ar 10 % de dhíolacháin an Aontais agus go raibh treocht na méideanna agus na bpraghsanna díolacháin cosúil leis an treocht a breathnaíodh maidir le díolacháin thionscal an Aontais san Aontas, is léir nach príomhghné den mheasúnú foriomlán ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais í feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais.

(329) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais díobháil ábhartha do thionscal an Aontais ná nach raibh sé in ann an nasc cúisíoch i ndáil le hallmhairí na Síne a chaolú.

5.4. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(330) Shuigh an Coimisiún nasc cúisíoch idir an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín. Tharla an méadú ar allmhairí ón tSín in 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin i gcomhthráth leis an meath ar staid thionscal an Aontais. Mar thoradh ar an méadú géar ar sciar margaidh na Síne, tháinig laghdú mór ar dhíolacháin tháirgeoirí de chuid an Aontais in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, agus tháinig laghdú ar mhéideanna táirgeachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin. An tráth céanna, tháinig méadú mór ar leibhéil na stoc, agus tháinig laghdú ar chóimheas na dtairiscintí rathúla. Léirigh treocht na dtáscairí méide sin díobháil shoiléir ó thaobh méid de. Rinneadh allmhairí ón tSín ar phraghsanna lena ndearnadh sladghearradh mór ar phraghsanna díola thionscal an Aontais. Cé go raibh an bhrabúsacht fós dearfach, d'fhan sé faoi bhun an spriocbhrabúis.

(331) Ar na tosca eile a scrúdaíodh bhí allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, tuilte sa Téalainn, laghdú ar thomhaltas an Aontais, agus drochbhuaint ghráin mhilis in 2022.

(332) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Fuarthas amach nach raibh tionchar leordhóthanach ag aon cheann de na fachtóirí, i dteannta a chéile nó ar leithligh, ar staid thionscal an Aontais chun amhras a chaitheamh ar an gconclúid go raibh allmhairí ón tSín ina gcúis le díobháil ábhartha.

(333) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach. Is éard atá sa díobháil den chuid is mó méideanna caillte a bhaineann le méideanna díolacháin agus táirgeachta, úsáid acmhainneachta, agus leibhéil stoic mhéadaithe. An tráth céanna, d'fhulaing tionscal an Aontais praghsanna allmhairiúcháin ísle a bhí ag sladghearradh phraghsanna díola an Aontais agus ag laghdú leibhéal na brabúsachta, a d'fhan go comhsheasmhach faoi bhun an spriocbhrabúis.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(334) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

(335) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Ag an gcéim seo den imscrúdú, níl aon chinneadh déanta ag an gCoimisiún maidir leis an saobhadh amhábhair a dhéanfar ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

6.1. **Corrlach gearrdhíola**

(336) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocphraghas a bhaint amach de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(337) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(338) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Suíodh an bunbhrabús sin bunaithe ar bhrabúsacht thionscal an Aontais a measadh a bheith bainte amach in éagmais na n-allmhairí dumpáilte ón tSín. Socraíodh an corrlach brabúis sin ag 14 %. Deimhníodh an leibhéal brabúsachta sin cheana féin san imscrúdú frithdhumpála roimhe seo agus allmhairí ón Téalainn á gcur san áireamh ([115]).

(339) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach do tháirge comhchosúil thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite a chur le costas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(340) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tír lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(341) Na coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin mar a thuairiscítear i roinn 3.4.2 thuas, tá feidhm acu freisin maidir leis na praghsanna CAL a úsáidtear sna ríomhanna gearrdhíola.

(342) Sainítear an leibhéal gearrdhíola le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne' ar an mbealach céanna leis an gcorrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithris (234).

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
an tSín	Grúpa Sunflower: — Sun Flower Food Industry (Xinfeng) Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín — Sunny Food Industry Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín	42,4	37,5
	Zhangzhou Tongfa Foods Industry Co., Ltd, Zhangzhou, an tSín	54,3	81,8
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	48,1	61,2
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	54,3	81,8

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

(343) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán go bhfuil saobhadh amhábhair ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge lena mbaineann. De réir na fianaise sa ghearán, tá cannaí cruach, arb ionann iad agus 17 % ar a laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann, faoi réir CBL onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann.

([115]) Rialachán (CE) Uimh. 682/2007 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2007 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí ullmhaithe agus leasaithe áirithe gráin mhilis ina ghráinní de thionscnamh na Téalainne, (IO L 159, 20.6.2007, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/682/oj).

(344) Leanfaidh an Coimisiún d'imscrúdú a dhéanamh ar an saobhadh líomhnaithe chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán ag céim chinntitheach an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ag an gcéim seo, méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(345) Maidir le Grúpa Sunflower, socraítear an dleacht frithdhumpála shealadach dá bhrí sin ar leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola.

(346) Maidir le Grúpa Tongfa, socraítear an dleacht frithdhumpála shealadach dá bhrí sin ar leibhéal an chorrlaigh dumpála.

6.3. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(347) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) nó den bhun-Rialachán:

Tír	*Cuideachta*	*Dleacht frithdhumpála shealadach*
an tSín	Grúpa Sunflower: — Sun Flower Food Industry (Xinfeng) Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín — Sunny Food Industry Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín	37,5 %
	Zhangzhou Tongfa Foods Industry Co., Ltd, Zhangzhou, an tSín	54,3 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	48,1 %
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	54,3 %

7. **LEAS AN AONTAIS**

(348) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm ag an gcéim seo, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, na mórdhíoltóirí, na miondíoltóirí, na n-úsáideoirí agus na dtomhaltóirí, agus na bhfeirmeoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(349) Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de 11 tháirgeoir nó grúpa táirgeoirí, a fhostaíonn thart ar 3 460 duine (FTE). Tá na táirgeoirí scaipthe ar fud an Aontais agus tá roinnt táirgeoirí lonnaithe san Ungáir agus sa Fhrainc.

(350) I bhfianaise thorthaí na díobhála ábhartha do thionscal an Aontais, dá bhforchuirfí bearta bheadh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a mhéadú agus feabhas a chur ar a bhrabúsacht i gcomhréir leis na méaduithe ar chostais agus leibhéal iomaíoch a choinneáil ar bun ina mhargadh. Bheadh tionscal an Aontais in ann sciar caillte den mhargadh a fháil ar ais freisin trí chainníochtaí táirgeachta agus díolacháin ar mhargadh an Aontais a mhéadú. Mar gheall ar an méadú ar allmhairí ón tSín, ní raibh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann a méid táirgeachta a dhíol agus fuair siad leibhéal ard stoc in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhforchuirfí bearta, bheadh tionscal an Aontais in ann na leibhéil stoic atá aige cheana a dhíol chun na costais sheasta a laghdú.

(351) Is dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha móra breise ag an easpa beart ar thionscal an Aontais i dtéarmaí méideanna díolacháin agus táirgeachta níos ísle, chomh maith le leibhéil stoic a mhéadú tuilleadh. Tuilleadh brú ar phraghsanna as a n-eascraíonn tuilleadh meatha airgeadais ar a staid eacnamaíoch i dtéarmaí brabúsachta agus infheistíochta amach anseo, rud a chuireann a thodhchaí agus a fhostaíocht i mbaol.

(352) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go bhfuil bearta sealadacha ar mhaithe le leas thionscal an Aontais.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe**

(353) Ar dháta an tionscnaimh, chuathas i dteagmháil le 20 allmhaireoir, trádálaí agus miondíoltóir neamhchomhlachaithe. Mar a thuairiscítear in aithris (32), sholáthair sé allmhaireoir agus trádálaí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh. Roghnaíodh sampla de dhá allmhaireoir neamhghaolmhara as ar thug allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin freagra ceistneora a fíoraíodh. Ba allmhaireoir comhoibríoch a bhí in thart ar [17-27] % de na hallmhairí gráin mhilis le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Reáchtáladh éisteacht leis na comhlachais allmhaireoirí FRUCOM agus Waren-Verein.

(354) Mheas an t-allmhaireoir comhoibríoch go n-imeoidh táirgí miondíola gráin mhilis ón tSín ón margadh i gcás ina bhforchuirfear bearta. D'áitigh an t-allmhaireoir go gcaillfidh allmhaireoirí iomaíochas a bhaineann le díolacháin gráin mhilis neamh-AE sa ghearrthéarma agus mar gheall ar easpa foinsí malartacha soláthair ó mhargaí tríú tír eile. Mar thoradh air sin, laghdófar láimhdeachas agus brabúis agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an leibhéal fostaíochta.

(355) Ós rud é gur sciar measartha beag de láimhdeachas an allmhaireora chomhoibríoch é grán milis agus é á chur san áireamh go bhfuil an líon FTEnna a bhaineann go díreach le grán milis sách beag, meastar nach ndéanfadh forchur na mbeart difear díréireach d'allmhaireoirí. Thairis sin, mheas an Coimisiún, i gcás conarthaí díolacháin amach anseo, go mbeidh an t-allmhaireoir in ann na méaduithe ar phraghsanna a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí go páirteach ar a laghad.

(356) Chuir an t-allmhaireoir comhoibríoch i dtábhacht an bhagairt eiseach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bailiú cúlghabhálach dleachtanna frithdhumpála.

(357) Mar a thuairiscítear in aithris (388), ní féidir aon chinneadh a dhéanamh maidir le bailiú cúlghabhálach dleachtanna ag an gcéim seo den imscrúdú.

(358) I gcás nach bhforchuirfear aon bheart, leanfaidh allmhaireoirí dá ngnó grán milis a allmhairiú ón tSín agus é a dhíol le miondíoltóirí, leis an tionscal lónadóireachta nó le húsáideoirí eile.

7.3. **Leas miondíoltóirí agus tomhaltóirí**

(359) Ar dháta an imscrúdaithe, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le roinnt miondíoltóirí gráin mhilis. Ní bhfuarthas aon chomhoibriú. I bhfianaise shonraíocht an mhargaidh gráin mhilis, bíonn tionchar freisin ag na bearta ar thomhaltóirí príobháideacha agus ar úsáideoirí eile gráin mhilis, amhail gnólachtaí lónadóireachta.

(360) I gcás ina bhforchuirfear bearta, beidh costais cheannaigh níos airde ar mhiondíoltóirí agus ar úsáideoirí eile maidir le grán milis mar gheall ar na bearta.

(361) Cháin an t-allmhaireoir comhoibríoch go n-eascróidh méaduithe ar phraghsanna tomhaltóirí príobháideacha as na meánphraghsanna ceannaigh a ghearrann miondíoltóirí. Mheas an t-allmhaireoir freisin go mbeidh tionchar diúltach ag méaduithe ar phraghsanna ar earnáil na lónadóireachta mar gheall ar an mbrú praghsanna a eascraíonn as costais mhéadaithe agus praghsanna bia agus nach mbíonn an oiread fonn ar chustaiméirí airgead a chaitheamh ar bhia lasmuigh den bhaile. Ós rud é nach dtáirgtear grán milis stánaithe de mhéid lónadóireachta ach i méideanna beaga san Aontas, fanfaidh an príomhsholáthar ón tSín ar phraghsanna méadaithe.

(362) I gcás nach bhforchuirfear aon bheart, is dócha go mbainfidh miondíoltóirí, tomhaltóirí príobháideacha agus úsáideoirí eile tairbhe as praghsanna níos ísle.

(363) Mheas an Coimisiún gur sciar an-bheag den chiseán siopadóireachta tomhaltóirí é grán milis. Is dócha gur diomaibhseach an tionchar a bheidh ag forchur dleachtanna frithdhumpála ar staid airgeadais gnáth-thomhaltóra.

(364) I bhfianaise neamh-chomhoibriú miondíoltóirí agus úsáideoirí eile agus toisc nach bhfuil i gceist le grán milis ach céatadán imeallach dá ndíolacháin agus spás seilf teoranta i siopaí miondíola, táthar tagtha ar an gconclúid shealadach nach ndéanfaidh na bearta atá beartaithe difear substaintiúil dóibh.

7.4. **Leas na soláthróirí**

(365) Mar a luaitear in aithris (281), is iad an grán milis amh agus na cannaí príomh-amhábhair an ghráin mhilis. Tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, tháinig comhlachas táirgeoirí cannaí amháin chun cinn. Ina theannta sin, thacaigh comhlachais feirmeoirí leis an ngearán.

(366) I gcás ina bhforchuirfear bearta, beidh soláthróirí gráin mhilis in ann a ngnó a choinneáil ar bun.

(367) In éagmais beart, is dócha go mbeidh tionchar ar sholáthróirí i gcás ina mbeidh ar tháirgeoirí gráin mhilis an Aontais a méid táirgeachta a laghdú. Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint ag feirmeoirí agus táirgeoirí le gnó an ghráin mhilis, is ridhócha go ndéanfaidh laghdú ar tháirgeadh gráin mhilis san Aontas difear do ghnó na soláthróirí freisin.

(368) Cháin an t-allmhaireoir comhoibríoch, i gcás ina bhforchuirfear bearta, nach mbeidh aon ráthaíocht ann go ndéanfaidh na príomhghníomhaithe margaidh go háirithe a mbrabús breise a chur ar aghaidh.

(369) Mheas an Coimisiún go mbeidh tionchar níos suntasaí ar sholáthróirí i gcás nach bhforchuirfí aon bheart, toisc go gcaillfidís sciar áirithe dá ngnó. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(370) I bhfianaise an mhéid thuas, thángthas ar an gconclúid shealadach nach dócha go ndéanfaidh forchur beart difear do sholáthróirí ar bhealach diúltach.

7.5. **Laghdú ar an iomaíocht ar mhargadh an Aontais agus an baol go mbeidh ganntanas soláthair ann**

(371) Cháin an t-allmhaireoir comhoibríoch Otto Frank ina fhreagra ceistneora an iomaíocht theoranta i gcás ina bhforchuirfear bearta mar gheall ar an líon íseal táirgeoirí de chuid an Aontais, rabhadh faoi staid olagaplachta sa mhargadh. Thug an t-allmhaireoir rabhadh freisin nach féidir infhaighteacht gráin mhilis san Aontas a ráthú i gcás táirgeacht íseal barr amach anseo.

(372) Mheas an t-allmhaireoir comhoibríoch thairis sin, cé is moite den tSín, nach bhfuil aon tríú tír eile in ann an caighdeán cáilíochta agus an t-iomaíochas praghsanna a cheanglaítear leis an margadh Eorpach a chomhlíonadh.

(373) Mheas an Coimisiún nach gcuirfidh forchur na mbeart cosc ar rochtain isteach san Aontas ar allmhairí ar forchuireadh bearta orthu, ach gurb é is cuspóir do na bearta deireadh a chur le tionchar dálaí margaidh saofa a eascraíonn as allmhairí dumpáilte a bheith ann.

(374) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí tionscal an Aontais comhdhéanta de 11 tháirgeoir nó grúpa táirgeoirí. Mar a léirítear in aithris (262), d'oibrigh tionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin i bhfad faoi bhun na hacmhainneachta iomláine. Meastar, dá bhrí sin, go mbeidh tionscal an Aontais in ann a mhéid táirgeachta a mhéadú sula mbainfidh sé aon srian acmhainneachta amach. Thairis sin, fuair táirgeoirí de chuid an Aontais leibhéal substaintiúil stoc gráin mhilis mar gheall ar na hallmhairí ón tSín atá ar fáil le díol freisin.

(375) Mheas an t-allmhaireoir comhoibríoch, seachas an tSín, nach bhfuil aon tríú tír eile in ann an caighdeán cáilíochta agus an t-iomaíochas praghsanna a cheanglaítear leis an margadh Eorpach a chomhlíonadh.

(376) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, sciartha den mhargadh agus an líon soláthróirí neamhspleácha den táirge lena mbaineann, diúltaítear do na maímh thuas maidir leis na saincheisteanna iomaíochta.

7.6. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(377) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí gráin mhilis de thionscnamh na Síne ag an gcéim seo den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(378) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(379) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí gráin mhilis de thionscnamh na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh díobhála agus na corrlaigh dumpála in aithris (343) thuas i gcomparáid le chéile. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(380) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
an tSín	Grúpa Sunflower: — Sun Flower Food Industry (Xinfeng) Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín — Sunny Food Industry Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín	37,5 %
	Zhangzhou Tongfa Foods Industry Co., Ltd, Zhangzhou, an tSín	54,3 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	48,1 %
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	54,3 %

(381) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(382) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí i láthair údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(383) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(384) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, inter alia, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(385) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(386) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart deireadh a chur le clárú na n-allmhairí.

(387) Ní dhearnadh aon chinneadh nó ní féidir cinneadh a dhéanamh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(388) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(389) Thug grúpa Sunflower agus grúpa Tongfa araon barúlacha uathu. Tar éis barúlacha a fháil ó ghrúpa Sunflower maidir le cruinneas na ríomhanna le haghaidh tomhaltán agus costais iompair intíre chun an gnáthluach a chinneadh, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a ríomhanna dumpála le haghaidh an dá ghrúpa. Bhain barúlacha eile ón dá ghrúpa leis an modheolaíocht a úsáideadh le haghaidh na ríomhanna dumpála, agus, dá bhrí sin, tabharfar aghaidh orthu, i gcás inarb iomchuí, ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

11. **FORÁLA CRÍOCHNAITHEACHA**

(390) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(391) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí gráin mhilis (Zea mays var. saccharata) ina ghráinní, ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, nach bhfuil reoite agus grán milis (Zea mays var. saccharata) ina ghráinní ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, nach bhfuil reoite, seachas táirgí faoi cheannteideal 2006, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 2001 90 30 (cód TARIC 2001 90 30 10) agus ex 2005 80 00 (cód TARIC 2005 80 00 10) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

An tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Grúpa Sunflower: — Sun Flower Food Industry (Xinfeng) Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín — Sunny Food Industry Co., Ltd, Cathair Ganzhou, an tSín	37,5 %	89SJ
	Zhangzhou Tongfa Foods Industry Co., Ltd, Zhangzhou, an tSín	54,3 %	89SK
	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	48,1 %	
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	54,3 %	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid san aonad atáimid a úsáid) den (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.*' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir leis na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/309.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Lúnasa 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne nár sampláladh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
An tSín	Anshan N&M Foods Co., Ltd.	89SL
	Fujian Golden Promise Food Technology Co., Ltd.	89SM
	Fujian Haishan Foods Co., Ltd.	89SN
	Fujian Lucheng Food Co., Ltd.	89SO
	Fujian Xingguang Foods Co., Ltd.	89SP
	Fujian Yuxing Fruit & Vegetable Foodstuff Development Co., Ltd.	89SQ
	Guangdong Zhicheng Food Co., Ltd	89SR
	Guilin Risheng Foods Co., Ltd	89SS
	HEBEI PENGDA FOOD CO., LTD	89ST
	Hebei Shuangsheng Agricultural Technology Co., Ltd.	89SU
	HEZE SANQING FOOD CO., LTD.	89SV
	Jieyang Chengfeng Industrial Co., Ltd.	89SW
	Jieyang Yuxiu Industrial Co., Ltd.	89SX
	Nanjing County Xingguang Canned Food Co., Ltd.	89SY
	SHANDONG SANGONGJU FOOD CO., LTD.	89SZ
	XINFENG RUNFENG FOODS CO., LTD.	89TA
	Zhangzhou Gangchang Canned Foods Co., Ltd.	89TB
	Zhangzhou Jiawei Foods Co., Ltd.	89TC
	Zhangzhou Tianbaolong Food Co., Ltd.	89TD
	Zhangzhou Xiangcheng Shunxing Canned Food Co., Ltd.	89TE